Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 11 Samhain 2019**
**(OR. en)**

**13643/19**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2019/0254(COD)**

**AGRI 520**
**AGRIFIN 67**
**AGRIORG 73**
**AGRISTR 66**
**CODEC 1562**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 31 Deireadh Fómhair 2019 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2019) 581 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leagtar síos forálacha idirthréimhseacha áirithe le haghaigh na tacaíochta ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus ón gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) sa bhliain 2021 agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 228/2013, (AE) Uimh. 229/2013 agus (AE) Uimh. 1308/2013 a mhéid a bhaineann le hacmhainní agus lena leithdháileadh i leith na bliana 2021 agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013, (AE) Uimh. 1306/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013 a mhéid a bhaineann lena n-acmhainní agus lena gcur i bhfeidhm sa bhliain 2021 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2019) 581 final.

---

Faoi iamh: COM(2019) 581 final

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 31.10.2019
COM(2019) 581 final

2019/0254 (COD)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**lena leagtar síos forálacha idirthréimhseacha áirithe le haghaidh na tacaíochta ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus ón gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) sa bhliain 2021 agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 228/2013, (AE) Uimh. 229/2013 agus (AE) Uimh. 1308/2013 a mhéid a bhaineann le hacmhainní agus lena leithdháileadh i leith na bliana 2021 agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013, (AE) Uimh. 1306/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013 a mhéid a bhaineann lena n-acmhainní agus lena gcur i bhfeidhm sa bhliain 2021**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

(a) Síneadh ama a chur le hinfheidhmeacht na rialachán atá ann cheana

Foráiltear leis na tograí athchóirithe ón gCoimisiún[1] maidir leis an gComhbheartas Talmhaíochta (CBT) sa tréimhse ó 2020 amach go dtosóidh na Ballstáit ag cur a gcuid Pleananna Straitéiseacha chun feidhme amhail ón 1 Eanáir 2021. Thabharfadh sé sin le tuiscint go gcuirfeadh na Ballstáit a gcuid Pleananna Straitéiseacha isteach an 1 Eanáir 2020 ar a dhéanaí agus go bhfaomhfadh an Coimisiún na pleananna sin in imeacht na bliana. I bhfianaise staid reatha na Parlaiminte agus na Comhairle, tá sé soiléir nach nglacfar go foirmiúil faoi Eanáir 2020 na bunghníomhartha agus na gníomhartha tarmligthe agus na gníomhartha cur chun feidhme a leanfaidh é sin agus dá bhrí sin go mbeidh gá le pleanáil le haghaidh idirthréimhse.

I dtaca leis an idirthréimhse sin beidh sé riachtanach síneadh ama a chur le hinfheidhmeacht an chreata dhlíthiúil reatha agus rialacha áirithe a oiriúnú chun leanúnachas CBT a áirithiú go dtí go mbeidh an córas nua ar bun.

Níl teorainn ama fhoirmiúil le Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013, 1306/2013, 1307/2013 ná 1308/2013 agus, dá bhrí sin, leanfaidh siad d'fheidhm a bheith acu go dtí go n-aisghairtear iad. Leanfaidh Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 d'fheidhm a bheith aige maidir leis an tacaíocht atá formheasta ag an gCoimisiún faoi Rialachán 1305/2013.

Ach níl san áireamh i Rialachán maidir le hÍocaíochtaí Díreacha, (AE) Uimh. 1307/2013, ná i Rialachán maidir le Forbairt Tuaithe, (AE) Uimh. 1305/2013, an méid tacaíochta ón Aontas ná na huasteorainneacha náisiúnta le haghaidh na mblianta tar éis 2020. Is amhlaidh atá freisin i gcás Rialachán (AE) Uimh. 228/2013 maidir le bearta sonracha don talmhaíocht sna réigiúin is forimeallaí den Aontas agus i gcás Rialachán (AE) Uimh. 229/2013 maidir le bearta sonracha don talmhaíocht i bhfabhar na n-oileán beag Aeigéach. Ní bheidh feidhm ag na Rialacháin sin amhail ó 2021. Dá bhrí sin, is gá iad a leasú chun na huasmhéideanna/uasteorainneacha ábhartha a áireamh, nuair a chinnfear iad le haghaidh an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) nua 2021-2027. Thairis sin, sa Rialachán maidir le hÍocaíochtaí Díreacha, (AE) Uimh. 1307/2013, is leis an tréimhse suas go 2019 amháin a bhain rialacha áirithe. Déantar foráil do rialacha le haghaidh na bliana féilire 2020 le Rialachán (AE) 2019/288 lena leasaítear an Rialachán maidir le hÍocaíochtaí Díreacha. Beidh gá le síneadh ama a chur arís eile leis na rialacha seo le haghaidh na hidirthréimhse. Ar

[1] An togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha arna dtarraingt suas ag na Ballstáit faoin gComhbheartas Talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha faoi CBT) agus arna maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, COM(2018)392 final - 2018/0216 (COD); Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gComhbheartas Talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, COM(2018)393 final - 2018/0217 (COD); Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta, (AE) Uimh. 1151/2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí, (AE) Uimh. 251/2014 maidir le sainmhíniú, tuairisc, cur i láthair, lipéadú agus cosaint tásc geografach i ndáil le táirgí fíona cumhraithe, (AE) Uimh. 228/2013 lena leagtar síos bearta sonracha don talmhaíocht sna réigiúin is forimeallaí den Aontas, agus (AE) Uimh. 229/2013 lena leagtar síos bearta sonracha don talmhaíocht i bhfabhar na n-oileán beag Aeigéach COM(2018)394 final/2.

mhaithe le soiléireacht agus le deimhneacht dhlíthiúil, beidh gá le rialacha áirithe a chur isteach nó rialacha áirithe atá ann cheana féin a leasú chun leanúnachas a áirithiú.

Déantar soláthar i Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 do rialacha maidir le clársceidealú 2014-2020. Ós rud é go mbeidh sé riachtanach síneadh ama a chur leis an gclárthréimhse reatha maidir le forbairt tuaithe go ceann tréimhse eile is faide amach, beidh sé riachtanach sprioc-amanna rialála áirithe a shainítear sa rialachán sin a choigeartú dá réir sin.

Leanfaidh na forálacha maidir le maoiniú, bainistiú agus faireachán CAI mar atá leagtha síos i Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 d'fheidhm a bheith acu, ach ba cheart modhnuithe áirithe a dhéanamh chun leanúnachas a áirithiú ar feadh na hidirthréimhse.

Tá sé d'aidhm ag an togra seo cinnteacht agus leanúnachas a chur ar fáil maidir le tacaíocht a dheonú d’fheirmeoirí Eorpacha agus leanúnachas tacaíochta a áirithiú le haghaidh forbairt tuaithe san idirthréimhse i gcás na mBallstát siúd a bhfuil leithdháiltí 2014-2010 ó CETFT úsáidte acu, agus sin a dhéanamh trí shíneadh ama a chur leis an gcreat dlíthiúil reatha go dtí an t-am a dtiocfaidh CAI nua i bhfeidhm. Chun go mbeidh na Ballstáit in ann na hoiriúnuithe riachtanacha a dhéanamh ar an leibhéal náisiúnta, ba ghá don Chomhairle agus do Pharlaimint na hEorpa na hathruithe sin a ghlacadh faoi lár 2020.

(b) An t-aistriú go dtí an chéad tréimhse eile de chuid CAI

Tagann athruithe móra de CAI nua. Tá gá le rialacha idirthréimhseacha chun aistriú rianúil a áirithiú ón tréimhse reatha go dtí an chéad tréimhse eile de CAI.

Maidir leis an dara colún, is dea-chleachtas é sainiú a dhéanamh ar na rialacha le haghaidh na hidirthréimhse idir an dá chlárthréimhse. Bíonn gá le rialacha idirthréimhseacha chun síneadh ó chlárthréimhse go dtí an clárthréimhse a leanann. I bhfianaise na n-athruithe móra a dhéantar leis na tograí athchóirithe ón gCoimisiún, is mó arís an gá atá le socruithe idirthréimhseacha, go háirithe maidir lena chinntiú go leanfar do na gealltanais ilbhliantúla a ndeachthas faoina gceangal faoin gclárthréimhse reatha agus faoin gclárthréimhse roimhe sin.

Leagtar síos sa Rialachán maidir le CEM Aonair, (AE) Uimh. 1308/2013, na rialacha a bhaineann le comheagrú na margaí talmhaíochta, scéimeanna cabhrach d’earnálacha sonracha san áireamh. Leagtar amach na paraiméadair chun idirghabháil a dhéanamh ar na margaí talmhaíochta agus tacaíocht earnáil-sonrach a chur ar fáil. Chun comhleanúnachas a áirithiú, beidh an chuid is mó d’idirghabhálacha CBT nua ina gcuid de phlean amháin tacaíochta straitéiseach CBT in aghaidh an Bhallstáit, roinnt idirghabhálacha earnála san áireamh a leagtar amach cheana i Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013. Faoi na rialacha reatha, leanann na cláir earnála éagsúla amchláir éagsúla. Chun comhleanúnachas, leanúnachas agus aistriú rianúil a áirithiú idir na scéimeanna cabhrach faoi Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 agus na hidirghabhálacha de chineál earnála faoi CBT nua, is gá rialacha a shocrú maidir le fad gach ceann de na scéimeanna cabhrach sin maidir le teacht i bhfeidhm Phleananna Straitéiseacha CBT na mBallstát. Maidir le scéimeanna cabhrach san earnáil torthaí agus glasraí agus in earnáil na hola olóige agus na n-ológ boird, is gá leanúnachas agus modhnú na gclár oibríochtúil agus na gclár oibre a rialáil.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá na leasuithe atá beartaithe comhsheasmhach leis na Rialacháin atá ann cheana, Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013, 1307/2013 agus 1308/2013; dá bhrí sin tá an togra comhsheasmhach leis na forálacha beartais CBT atá ann cheana.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá na leasuithe atá beartaithe comhsheasmhach leis an togra le haghaidh an Rialacháin lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil le haghaidh na mblianta 2021 go 2027 (CAI)[2] agus leis an togra le haghaidh Rialachán na bhForálacha Coiteanna (RFC)[3].

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Airteagal 43(2) agus Airteagal 349 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

- **Coimhdeacht (maidir le hinniúlacht neamheisiach)**

Foráiltear in CFAE go roinnfear an inniúlacht talmhaíochta idir an tAontas agus na Ballstáit. Feidhmíonn an tAontas a inniúlacht trí ghníomhartha reachtacha éagsúla a ghlacadh, agus ar an tslí sin déanann sé comhbheartas talmhaíochta de chuid an Aontais Eorpaigh mar a fhoráiltear in Airteagail 38 go 44 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a shainiú agus a chur chun feidhme. Is é is aidhm don togra sin ceangal a dhéanamh idir tréimhsí go dtí go mbeidh feidhm ag CBT nua, trí shíneadh ama a chur leis an gcreat dlíthiúil reatha, agus aistriú rianúil a áirithiú ón tréimhse reatha CBT go dtí an chéad tréimhse eile de. Ní féidir na cuspóirí sin a bhaint amach ach trí leasú Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013, Uimh. 1306/2013, Uimh. 1307/2013, Uimh. 1308/2013, Uimh. 228/2013 agus (AE) Uimh. 229/2013 agus chomh maith leis sin forálacha idirthréimhseacha áirithe a leagan síos.

- **Comhréireacht**

Níl aon fhorbairtí nua beartais i gceist leis an togra i comparáid leis na gníomhartha reachtacha a bhfuil sé beartaithe iad a leasú leis ná leis an gcreat reachtach a bhfuil sé beartaithe leis aistriú isteach ann. Ní dhéanann an togra modhnú ar na Rialacháin atá ann cheana ach amháin a mhéid is gá chun na cuspóirí a leagtar amach thuas a bhaint amach.

- **An rogha ionstraime**

Toisc gur rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle iad na gníomhartha reachtacha bunaidh, ní mór mar an gcéanna na leasuithe a thabhairt isteach mar rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle tríd an ngnáthnós imeachta reachtach.

## 3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Níl seo infheidhme.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Níl seo infheidhme.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Níl seo infheidhme.

---

[2] COM(2018) 322.

[3] COM(2018) 375.

- **Measúnú tionchair**

Tugann an togra aghaidh ar riachtanais dlí a eascraíonn as CBT nua a chur i bhfeidhm go déanach de bharr staid na himeartha sa phlé idir na hInstitiúidí maidir le hathchóiriú CBT. Gan an reachtaíocht sin, tá riosca ann nach bhfaighidh feirmeoirí ná tairbhithe eile CBT tacaíocht in 2021. Is ar an údar sin atá na Ballstáit ag iarraidh ar an gCoimisiún an reachtaíocht sin a mholadh. Tá beartaithe freisin leis coigeartuithe idirthréimhseacha a dhéanamh a bhfuil gá leo de bharr na n-athruithe suntasacha a bhaineann leis na tograí athchóirithe ón gCoimisiún. Sa chomhthéacs sin, níl measúnú tionchair ábhartha.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Níl seo infheidhme.

- **Cearta bunúsacha**

Urramaítear sa togra seo na cearta bunúsacha agus cloítear leis na prionsabail a aithnítear go háirithe i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Na Rialacháin reatha, (AE) Uimh. 1305/2013 maidir le forbairt tuaithe, agus (AE) Uimh. 1307/2013 maidir le híocaíochtaí díreacha, ní leagtar síos iontu leithdháiltí le haghaidh na hidirthréimhse (níos faide amach ná an bhliain féilire 2020). Dá bhrí sin, tá impleacht bhuiséadach ag an tionscnamh sa mhéid is go gcuirtear ar fáil leis na leithdháiltí i gcomhair íocaíochtaí díreacha agus forbairt tuaithe le haghaidh na hidirthréimhse ábhartha chun leanúnachas rianúil a áirithiú. Is ionann méid do na leithdháiltí sin agus dóibh siúd atá sa togra le haghaidh Plean CBT agus tá siad comhleanúnach le togra an Choimisiúin maidir le CAI 2021-2027. Sa chás go gcinneann Ballstáit gan síneadh ama a chur lena gcláir reatha forbartha tuaithe, aistreofar leithdháiltí CETFT le haghaidh 2021go dtí leithdháiltí CETFT 2022 – 2025.

Ar an gcuma chéanna, le haghaidh na hidirthréimhse, ní mór na leithdháiltí atá i Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) Uimh. 228/2013 agus (AE) Uimh. 229/2013 a choigeartú chun cloí leis na suimeanna foriomlána i gcomhair an Chiste Eorpaigh um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) atá san áireamh i dtogra CAI.

Moltar go gcoimeádfar an cúlchiste le haghaidh géarchéimeanna san earnáil talmhaíochta dá dtagraítear in Airteagal 25 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 le linn na hidirthréimhse ar fad chun leanúnachas a áirithiú. Táthar lena mhaoiniú trí smacht airgeadais a chur i bhfeidhm maidir le híocaíochtaí díreacha. Mar sin, ní bheidh aon chaiteachas breise i gceist leis.

Togra neodrach is ea an togra reatha ó thaobh na ngealltanas buiséadach foriomlán. Is ar na cinntí a dhéanann na Ballstáit maidir le síneadh ama a chur leis na cláir reatha um fhorbairt tuaithe a bhraithfidh an tionchar ó thaobh an sceidil mheasta le haghaidh leithreasuithe íocaíochta.

Ar an gcuma chéanna, cinneadh ar bith a dhéanfaidh na Ballstáit cistí a aistriú idir íocaíochtaí díreacha agus forbairt tuaithe, beidh sé neodrach ó thaobh na ngealltanas buiséadach foriomlán ach d'fhéadfaidís tionchar a imirt i dtéarmaí uainiú na n-íocaíochtaí, rud nach féidir meastachán a dhéanamh air.

Cuirtear sonraí breise ar fáil maidir le tionchar airgeadais an togra reatha sa ráiteas airgeadais a ghabhann leis an togra.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Cuirtear síneadh ama leis an gcóras atá ann faoi láthair gona phleananna cur chun feidhme agus gona shocruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe.

- **Doiciméid mhíniúcháin (le haghaidh treoracha)**

Ní bhaineann seo le hábhar.

•

**Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Baineann an togra le seacht rialachán:

- Rialachán (AE) Uimh 1303/ 2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe, leis an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh (dá ngairtear anseo feasta: Rialachán na bhForálacha Coiteanna)
- Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (anseo feasta: Rialachán FT)
- Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le maoiniú, bainistiú agus faireachán an chomhbheartais talmhaíochta (dá ngairtear anseo feasta: an Rialachán Cothrománach)
- Rialacháin (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear rialacha maidir le híocaíochtaí díreacha le feirmeoirí faoi scéimeanna tacaíochta faoi chuimsiú an chomhbheartais talmhaíochta (dá ngairtear anseo feasta: an Rialachán maidir le hÍocaíochtaí Díreacha)
- Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear comheagraíocht na margaí i dtáirgí talmhaíochta (dá ngairtear anseo feasta: an Rialachán maidir le CEM)
- Rialachán (AE) Uimh. 228/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos bearta sonracha don talmhaíocht sna réigiúin is forimeallaí den Aontas agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 247/2006 ón gComhairle
- Rialachán (AE) Uimh. 229/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos bearta sonracha don talmhaíocht i bhfabhar na n-oileán beag Aeigéach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1405/2006 ón gComhairle

Tá an togra roinnte ina dhá theideal.

Sa chéad teideal tá ceithre chaibidil a chumhdaíonn forálacha lena gcuirtear síneadh ama leis an gcreat dlíthiúil reatha chun síneadh thar an tréimhse breise go dtí an t-am a dtiocfaidh an Plean CAI i bhfeidhm agus a chumhdaíonn freisin forálacha idirthréimhseacha sonracha chun aistriú rianúil ón tréimhse reatha CAI go dtí an chéad tréimhse eile a áirithiú.

Cumhdaíonn an dara teideal go príomha forálacha lena gcuirtear síneadh ama leis an gcreat dlíthiúil reatha.

I dTeideal I, leagtar síos forálacha neamhspleácha nua.

Le Teideal II, leasaítear forálacha atá ann cheana féin.

**Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 (Rialachán na bhForálacha Coiteanna)**

Is gá go leanfadh Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013, lena leagtar síos rialacha comhchoiteanna le haghaidh roinnt cistí, an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) san áireamh, d'fheidhm a bheith aige maidir le cláir a dtacaíonn CETFT leo faoi chlárthréimhse 2014-2020 agus maidir leis na cláir sin a dtacaíonn an CETFT leo a

gcinneann na Ballstáit síneadh ama a chur leo le haghaidh na hidirthréimhse. Maidir leis sin, tá gá sprioc-amanna áirithe rialála a oiriúnú chun an idirthréimhse a chumhdach.

**Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013**

Na leasuithe atá beartaithe do Rialachán (CE) Uimh. 1305/2013, baineann siad leis an rogha síneadh ama aon bhliain amháin a chur leis an gclárthréimhse reatha (2014-2020). Tá san áireamh leo na méideanna ábhartha tacaíochta ón Aontas le haghaidh na tréimhse fadaithe tar éis 2020 i gcomhréir le togra an Choimisiún maidir le CAI 2021-2027.

Áirithítear leis an togra seo freisin gur féidir gealltanais ilbhliantúla na clárthréimhse reatha (Airteagail 28, 29 agus 33) a thabhairt ar aghaidh go dtí an chlárthréimhse nua. Beidh ar na Ballstáit tréimhse níos giorra a chinneadh le haghaidh gealltanais nua.

Thairis sin, áirithíonn leis go ndéanfar, le himchlúdaigh airgeadais CETFT na chéad chlárthréimhse eile, maoiniú leanúnach ar ghealltanais arna mbunú ar rialacha reatha chomh maith le rialacha a bhí i bhfeidhm cheana.

**Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013**

Baineann an príomhchoigeartú leis an gcúlchiste le haghaidh géarchéimeanna san earnáil talmhaíochta dá dtagraítear in Airteagal 25 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, cúlchiste a bhfuil sé beartaithe é a choimeád ar fáil ar feadh na hidirthréimhse chun leanúnachas a áirithiú. Tugann an togra aghaidh freisin ar sprioc-amanna áirithe rialála áirithe is gá a choigeartú leis an idirthréimhse a chumhdach.

**Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013**

Tá san áireamh sa Rialachán faoi láthair na huasteorainneacha náisiúnta agus na glan-uasteorainneacha le haghaidh íocaíochtaí díreacha suas go dtí bliain féilire 2020 agus an bhliain sin san áireamh. Dá bhrí sin, ba cheart na huasteorainneacha le haghaidh bhliain féilire 2021 a áireamh ann agus ba cheart freisin na méideanna tagartha i gcomhair íocaíocht bharrshonrach i leith cadáis le haghaidh na bliana féilire 2021 a oiriúnú. Tá sé d'aidhm ag an togra, freisin, aghaidh a thabhairt ar earráidí arna ndéanamh ag na Ballstáit maidir le leathdháileadh teidlíochtaí íocaíochta, ó thaobh líon agus luach na dteidlíochtaí íocaíochta araon. Ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil, ba cheart teidlíochtaí íocaíochta a thabhairt chun rialtachta ó 2021 amach. Tá san áireamh sa togra, féidearthacht do na Ballstáit leanúint orthu ag aistriú cistí idir colúin tar éis na bliana féilire 2020. Tugtar ann freisin an rogha shainráite do Bhallstáit leanúint orthu leis an bpróiseas cóineasaithe inmheánach tar éis 2019. Foráiltear leis síneadh ama a chur leis an scéim íocaíochta aonair limistéir (SIAL) san idirthréimhse.

**Rialachán (AE) 1308/2013**

Déanann na leasuithe atá beartaithe do Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 na méideanna tacaíochta ón Aontas i gcomhair scéimeanna cabhrach sonracha a choigeartú le haghaidh na hidirthréimhse i gcomhréir leis an togra ón gCoimisiúin maidir le CAI 2021-2027. Leagtar síos leo freisin rialacha maidir le fad gach ceann de na scéimeanna cabhrach sin i dtaca le teacht i bhfeidhm Phleananna Straitéiseacha CBT na mBallstát le haghaidh an ama amach anseo agus, i gcás scéimeanna cabhrach in earnálacha áirithe, rialacha maidir le leanúnachas agus modhnú na gclár oibríochtúil agus na gclár oibre.

**Rialachán (AE) Uimh. 228/2013**

Baineann na leasuithe atá beartaithe do Rialachán (AE) Uimh. 228/2013 leis na méideanna ábhartha tacaíochta ón Aontas atá ar fáil i gcomhair bearta sonracha le haghaidh na hidirthréimhse i gcomhréir le CAI 2021-2027.

**Rialachán (AE) Uimh. 229/2013**

Baineann na leasuithe atá beartaithe do Rialachán (AE) Uimh. 229/2013 leis na méideanna ábhartha tacaíochta ón Aontas atá ar fáil i gcomhair bearta sonracha le haghaidh na hidirthréimhse i gcomhréir le CAI 2021-2027.

2019/0254 (COD)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**lena leagtar síos forálacha idirthréimhseacha áirithe le haghaidh na tacaíochta ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus ón gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) sa bhliain 2021 agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 228/2013, (AE) Uimh. 229/2013 agus (AE) Uimh. 1308/2013 a mhéid a bhaineann le hacmhainní agus lena leithdháileadh i leith na bliana 2021 agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013, (AE) Uimh. 1306/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013 a mhéid a bhaineann lena n-acmhainní agus lena gcur i bhfeidhm sa bhliain 2021**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(2) agus Airteagal 349 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[4],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[5],

Ag féachaint don tuairim ón gCúirt Iniúchóirí,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is é is aidhm do na tograí reachtacha[6] ón gCoimisiún maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta (CBT) tar éis 2020 cur le sofhreagracht CBT i dtaobh na ndúshlán atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo ar nós an athraithe aeráide nó na hathnuachana ó ghlúin go glúin, agus leanúint ag an am céanna de thacú le feirmeoirí san Aontas le go mbeidh an earnáil

[4] IO C , , lch. .

[5] IO C , , lch. .

[6] Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha arna dtarraingt suas ag na Ballstáit faoin gComhbheartas Talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha faoi CBT) agus arna maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, COM(2018)392 final - 2018/0216 (COD); Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, COM(2018)393 final - 2018/0217 (COD); Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta, (AE) Uimh. 1151/2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí, (AE) Uimh. 251/2014 maidir le sainmhíniú, tuairisc, cur i láthair, lipéadú agus cosaint na dtásc geografach i ndáil le táirgí fíona cumhraithe, (AE) Uimh. 228/2013 lena leagtar síos bearta sonracha don talmhaíocht sna réigiúin is forimeallaí den Aontas agus (AE) Uimh. 229/2013 lena leagtar síos bearta sonracha don talmhaíocht i bhfabhar na n-oileán is lú sa Mhuir Aeigéach, COM(2018)394 final/2.

talmhaíochta inbhuanaithe agus iomaíoch. Tá na tograí sin dlúthbhainteach le creat airgeadais ilbhliantúil (CAI) an Aontais le haghaidh na tréimhse 2021 go 2027.

(2) Mhol an Coimisiún go ndéanfaí CBT a nascadh le feidhmíocht ("an tsamhail seachadta"). Faoin gcreat dlíthiúil nua, tá ar an Aontas na bunpharaiméadair bheartais a shocrú, ar nós cuspóirí an Chomhbheartais Talmhaíochta agus na bunriachtanais, agus san am céanna ba cheart freagracht níos mó a bheith ar na Ballstáit maidir leis an gcaoi a gcomhlíonfaidh siad na cuspóirí agus a mbainfidh siad spriocanna amach. Dá réir sin, tá ar na Ballstáit Pleananna Straitéiseacha faoi CBT a dhréachtú, a mbeidh ar an gCoimisiún iad a fhaomhadh agus ar na Ballstáit iad a chur chun feidhme.

(3) Níor cuireadh an nós imeachta reachtach i gcrích in am chun ligean do na Ballstáit agus don Choimisiún na gnéithe uile a ullmhú is gá chun an creat dlíthiúil nua agus na Pleananna Straitéiseacha faoi CBT a fheidhmiú amhail ón 1 Eanáir 2021, faoi mar a mhol an Coimisiún i dtús báire.

(4) Dá réir sin, chun a áirithiú gur féidir tacaíocht a dheonú d'fheirmeoirí agus do thairbhithe eile ón gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) in 2021, ba cheart don Aontas leanúint de bheith ag deonú tacaíocht dá leithéid ar feadh aon bhliain amháin eile faoi choinníollacha an chreata dhlíthiúil atá ann cheana, lena gcumhdaítear an tréimhse 2014 go 2020. Leagtar síos an creat dlíthiúil atá ann cheana i Rialacháin (AE) Uimh. 1303/2013[7], (AE) Uimh. 1305/2013[8], (AE) Uimh. 1306/2013[9], (AE) Uimh. 1307/2013[10], (AE) Uimh. 1308/2013[11], (AE) Uimh. 228/2013[12] agus (AE) Uimh. 229/2013[13] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, go háirithe. Ina theannta sin, chun éascú a dhéanamh ar an trasdul ó na scéimeanna tacaíochta atá ann cheana go dtí an gcreat dlíthiúil nua a chumhdaíonn an tréimhse dar tús 1 Eanáir 2022, ba cheart rialacha a leagan síos chun rialú a dhéanamh ar an dóigh a ndéanfar tacaíocht áirithe a dheonaítear ar bhonn ilbhliantúil a chomhtháthú sa chreat dlíthiúil nua.

---

7 Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe, leis an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 320).

8 Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 487).

9 Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 352/78, (CE) Uimh. 165/94, (CE) Uimh. 2799/98, (CE) Uimh. 814/2000, (CE) Uimh. 1290/2005 agus (CE) Uimh. 485/2008 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 549).

10 Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013, lena mbunaítear rialacha maidir le híocaíochtaí díreacha le feirmeoirí faoi scéimeanna tacaíochta faoi chuimsiú an chomhbheartais talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 637/2008 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 608).

11 Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 671).

12 Rialachán (AE) Uimh. 228/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Márta 2013 lena leagtar síos bearta sonracha don talmhaíocht sna réigiúin is forimeallaí san Aontas agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 247/2006 ón gComhairle (IO L 78, 20.3.2013, lch. 23).

13 Rialachán (AE) Uimh. 229/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Márta 2013 lena leagtar síos bearta sonracha don talmhaíocht i bhfabhar na n-oileán beag Aeigéach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1405/2006 ón gComhairle (IO L 78, 20.3.2013, lch. 41).

(5) Ós rud é gur léir gur cheart don Aontas leanúint de thacú leis an bhforbairt tuaithe in 2021, ba cheart, i gcás Ballstáit a léiríonn gur ann don riosca go n-ídeofar a gcuid cistí agus nach mbeidh siad in ann tabhairt faoi ghealltanais dhlíthiúla nua i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013, an fhéidearthacht a bheith ann dóibh síneadh ama suas go dtí an 31 Nollaig 2021 a chur lena gcuid clár forbartha tuaithe nó le cláir forbartha tuaithe áirithe dá gcuid a fhaigheann tacaíocht ó CETFT, agus na cláir shínte sin a mhaoiniú ón leithdháileadh buiséid comhfhreagrach le haghaidh na bliana 2021. Ba cheart na cláir shínte sin a bheith chomh huaillmhianach céanna, ar a laghad, ar an iomlán, i dtaca leis an gcomhshaol agus leis an aeráid.

(6) Ós rud é go bhféadfadh cistí a chuir an tAontas ar fáil sna blianta atá thart a bheith ag Ballstáit áirithe go fóill, ba cheart an fhéidearthacht a bheith ag na Ballstáit gan síneadh a chur lena gcuid clár forbartha nó gan síneadh a chur le cuid dá gclár forbartha tuaithe réigiúnach. Ba cheart an fhéidearthacht a bheith ag na Ballstáit sin leithdháileadh buiséid CETFT le haghaidh 2021 nó an chuid de leithdháileadh buiséid CETFT a chomhfhreagraíonn do na cláir forbartha tuaithe réigiúnacha nár síneadh a aistriú chuig na leithdháiltí airgeadais le haghaidh na mblianta 2022 go 2025, i gcomhréir leis an Rialachán (AE) …/… ón gComhairle [Rialachán lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil le haghaidh na mblianta 2021 go 2027][14].

(7) Chun go bhféadfaidh an Coimisiún an phleanáil airgeadais is gá a chur ar fáil mar aon leis na coigeartuithe comhfhreagracha ar mhiondealuithe bliantúla thacaíocht an Aontais atá leagtha amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013, ba cheart do na Ballstáit a chur in iúl don Choimisiún go luath i ndiaidh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo cé acu a chinn siad síneadh ama a chur lena gcuid clár forbartha tuaithe nó nár chinn agus, i gcás na gclár forbartha tuaithe réigiúnach, cé acu de na cláir réigiúnacha sin ar chinn siad síneadh ama a chur leo, agus dá réir sin, cén méid comhfhreagrach den leithdáileadh buiséid le haghaidh 2021 nár cheart a aistriú chuig na blianta ina dhiaidh sin.

(8) Leagtar síos le Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 na rialacha coiteanna is infheidhme maidir le CETFT agus le roinnt cistí eile, a oibríonn faoi chomhchreat. Ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán sin ar chláir a fhaigheann tacaíocht ó CETFT don chlárthréimhse 2014–2020 agus ar na cláir sin a fhaigheann tacaíocht ó CETFT a ndéanann na Ballstáit cinneadh ina leith síneadh ama a chur leo go 31 Nollaig 2021. I gcás na mBallstát sin, ba cheart do na Ballstáit agus don Choimisiún leanúint ar aghaidh ag baint úsáid mar dhoiciméad straitéiseach as an gComhaontú Comhpháirtíochta, arna dhréachtú don tréimhse ón 1 Eanáir 2014 go 31 Nollaig 2020 i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013, maidir le cur chun feidhme na tacaíochta a dheonaigh CETFT i gcomhair na bliana clárthréimhse 2021.

(9) Tá spriocdhátaí áirithe a leagtar síos in Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 maidir le tuarascálacha ar chur chun feidhme, le cruinnithe athbhreithnithe bliantúla, le meastóireachtaí ex-post agus tuarascálacha sintéise, le hincháilitheacht an chaiteachais agus an dídhílsithe agus maidir le gealltanais bhuiséadacha teoranta don chlárthréimhse 2014-2020. Ba cheart na spriocdhátaí sin a oiriúnú chun fad sínte na tréimhse a thabhairt san áireamh a ndéanfar cláir a bhaineann le tacaíocht ó CETFT a chur chun feidhme lena linn.

(10) Foráiltear i Rialachán (AE) Uimh. 1310/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[15] agus i Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 807/2014 ón gCoimisiún[16] gur cheart do CETFT

[14] Rialachán maidir le CAI IO L , , lch. .

[15] Rialachán (AE) Uimh 1310/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena leagtar síos forálacha idirthréimhseacha áirithe maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hacmhainní agus a leithdháileadh i dtaca leis an mbliain 2014 agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013, Rialachán (AE)

leanúint ar aghaidh ag íoc as an gcaiteachas sa chlárthréimhse 2014-2020 faoi choinníollacha áirithe le haghaidh gealltanais fhadtéarmacha áirithe ar gabhadh faoina gceangal de bhun rialacháin áirithe a dheonaigh tacaíocht d'fhorbairt tuaithe sula raibh Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ann. Ba cheart an caiteachas sin a bheith incháilithe i gcónaí ar feadh thréimhse an ghealltanais dhlíthiúil atá acu faoi seach faoi na coinníollacha céanna a bhaineann le bliain chlárthréimhse 2021. Ar mhaithe le deimhneacht agus soiléire dhlíthiúil, ba cheart a shoiléiriú freisin gur cheart na gealltanais dhlíthiúla arna ndéanamh faoi bhearta a chomhfhreagraíonn do bhearta Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 lena mbaineann an córas riaracháin agus rialaithe comhtháite, a bheith faoi réir an chórais riaracháin agus rialaithe chomhtháite sin agus gur gá na híocaíochtaí a bhaineann leis na gealltanais dhlíthiúla sin a dhéanamh laistigh den tréimhse idir an 1 Nollaig agus 30 Meitheamh sa bhliain dár gcionn.

(11) Le haghaidh cúiseanna a bhaineann le comhleanúnachas leis na Cistí eile arna rialú faoi Rialachán (AE) XXXX/XXXX [Rialachán nua na bhForálacha Coiteanna ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle][17]. , ba cheart CETFT a bheith in ann tacú le forbairt áitiúil faoi stiúir an phobail atá curtha ar bun i gcomhréir leis na rialacha nua atá leagtha síos sa Rialachán sin.

(12) Maidir le leithdháileadh teidlíochtaí íocaíochta (nó athríomh i gcás na mBallstát a choimeádann na teidlíochtaí atá ann cheana) in 2015 faoi Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013, rinne roinnt Ballstát earráid maidir le cinneadh líon nó luach teidlíochtaí íocaíochta. Imríonn go leor de na hearráidí sin, fiú nuair a tharlaíonn siad i gcás feirmeoir aonair, tionchar ar luach teidlíochtaí íocaíochta le haghaidh na bhfeirmeoirí go léir agus le haghaidh na mblianta go léir. Rinne roinnt Ballstát earráidí freisin tar éis 2015, agus teidlíochtaí á leithdháileadh ón gcúlchiste (e.g. i ríomh an mheánluacha). De ghnáth bíonn neamhchomhlíonadh den sórt sin faoi réir ag ceartú airgeadais go dtí go ndéanann an Ballstát lena mbaineann bearta ceartaitheacha. Ag féachaint don am atá caite ón gcéad leithdháileadh, ba cheart a mheas gur dlíthiúil agus rialta le héifeacht ó dháta áirithe iad na hiarrachtaí arna ndéanamh ag Ballstáit chun teidlíochtaí a chinneadh, agus nuair is ábhartha, iad a cheartú, agus ina theannta sin ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil, líon agus luach teidlíochtaí íocaíochta.

(13) Ní hionann dearbhú teidlíochtaí íocaíochta, áfach, agus díolúine ó fhreagracht na mBallstát faoi bhainistíocht chomhpháirteach CETFT cosaint ar bhuiséad an Aontais ó chaiteachas neamhrialta a áirithiú. Dá réir sin, níor cheart dearbhú na dteidlíochtaí arna leithdháileadh d'fheirmeoirí roimh an 1 Eanáir 2020, amhail ón 1 Eanáir 2021, dochar a dhéanamh do chumhacht an Choimisiúin cinntí dá dtagraítear in Airteagal 52 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 a ghlacadh maidir le híocaíochtaí neamhrialta arna ndeonú i ndáil le haon bhliain féilire suas le 2020 go huile, mar gheall ar earráidí i líon nó i luach na dteidlíochtaí íocaíochta sin.

(14) I bhfianaise na fírice go bhfuil pleananna straitéiseacha faoi CBT atá le hullmhú ag na Ballstáit i gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil nua le bheith infheidhme ón 1 Eanáir 2022, ba cheart rialacha idirthréimhseacha a leagan síos chun an trasdul ó na scéimeanna tacaíochta atá ann

---

Uimh. 1306/2013, agus Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir lena gcur i bhfeidhm sa bhliain 2014 (IO L 347, 20.12.2013, lch. 865).

16 Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 807/2014 ón gCoimisiún an 11 Márta 2014 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tacaíocht don fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena dtugtar isteach forálacha idirthréimhseacha (IO L 227, 31.7.2014, lch. 1).

17 Rialachán (AE) …/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [*an teideal iomlán*] (IO L …, …, lch. …).

cheana chuig an gcreat dlíthiúil nua a rialú, go háirithe Rialachán (AE) …/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [18][an Rialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha faoi CBT].

(15) Bhí caiteachas áirithe le haghaidh gealltanais fhadtéarmacha áirithe a rinneadh de bhun na Rialachán a dheonaigh tacaíocht le haghaidh forbairt tuaithe sula raibh Rialachán (AE) 1305/2013 ann incháilithe go fóill sa chlárthréimhse 2014-2020. Seachas i gcásanna ina bhfuil tréimhse na ngealltanas fadtéarmacha sin istigh, ba cheart an caiteachas sin a bheith incháilithe i gcónaí le linn na tréimhse a chumhdaítear faoin bPlean Straitéiseach faoi CBT ar feadh thréimhse na ngealltanas dlíthiúil faoi seach faoi réir ag an ráta ranníocaíochta is infheidhme sa tréimhse sin agus ar an gcoinníoll go ndéantar é a chur isteach sa phlean straitéiseach faoi CBT agus go n-íoctar an caiteachas i gcomhréir le Rialachán (AE) [HzR]. Ba cheart an rud céanna a bheith bainteach le gealltanais fhadtéarmacha áirithe a glacadh faoi Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 nó faoi Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013. Sa chomhthéacs sin, ba cheart a shoiléiriú freisin gur cheart na gealltanais dhlíthiúla, arna ndéanamh faoi bhearta a chomhfhreagraíonn do bhearta Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 lena mbaineann an córas riaracháin agus rialaithe comhtháite, a bheith faoi réir an chórais riaracháin agus rialaithe chomhtháite sin agus gur gá na híocaíochtaí a bhaineann leis na gealltanais dhlíthiúla sin a dhéanamh laistigh den tréimhse idir an 1 Nollaig agus 30 Meitheamh sa bhliain féilire dar gcionn.

(16) Le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 leagtar síos rialacha maidir le comheagrú margaí talmhaíochta agus áirítear leis scéimeanna cabhrach áirithe in Airteagail 29 go 60. Ba cheart na scéimeanna cabhrach sin a chomhtháthú i bPleananna Straitéiseacha faoi CBT de chuid na mBallstát mar idirghabhálacha earnála dá dtagraítear i bpointe (a) go (e) d'Airteagal 39 de Rialachán (AE) …/… [an Rialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha faoi CBT]. Chun comhleanúnachas, leanúnachas agus trasdul réidh idir scéimeanna cabhrach Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 agus na hidirghabhálacha de chineál earnálach de Rialachán (AE) …/… [an Rialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha faoi CBT], ba cheart rialacha a leagan síos maidir le tréimhse gach ceann de na scéimeanna cabhrach sin maidir leis an dáta óna mbíonn éifeachtaí dlí ag Pleananna Straitéiseacha faoi CBT a bheidh ag na Ballstáit amach anseo.

(17) Maidir leis an scéim cabhrach in earnáil na hola olóige agus na n-ológ boird, ba cheart na cláir oibre atá ann cheana a socraíodh don tréimhse idir an 1 Aibreán 2018 go dtí an 31 Márta 2021 a shíneadh go dtí an 31 Nollaig 2021. Maidir le scéimeanna cabhrach in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí ba cheart rialacha a leagan síos maidir le mionathrú nó athsholáthar clár oibriúcháin.

(18) D'fhonn leanúnachas a áirithiú maidir leis na scéimeanna cabhrach in earnáil an fhíona agus in earnáil na beachadóireachta, ní mór rialacha a leagan síos ionas gur féidir leanúint ar aghaidh le cur chun feidhme na scéimeanna cabhrach sin go dtí deireadh a gclárthréimhsí faoi seach. I gcás na tréimhse seo ba cheart feidhm a bheith i gcónaí ag forálacha áirithe de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 maidir le caiteachas a thabhaítear agus íocaíochtaí a dhéantar le haghaidh oibríochtaí arna gcur chun feidhme de bhun Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 tar éis an 31 Nollaig 2021 agus go dtí deireadh na scéimeanna cabhrach sin.

(19) Chun tabhairt anonn suntasach gealltanas ón gclárthréimhse reatha maidir le forbairt tuaithe chuig Pleananna Straitéiseacha faoi CBT a theorannú, ba cheart an tréimhse de ghealltanais ilbhliantúla nua maidir le hagra-chomhshaoil-aeráid, feirmeoireacht orgánach agus foraois-chomhshaol a theorannú d'uastréimhse 3 bliana. Ba cheart an síneadh a cuireadh leis na gealltanais atá ann cheana a bheith teoranta do bhliain amháin.

---

18 Rialachán (AE) …/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [*Plean Straitéiseach faoi CBT*] (IO L …, …, lch. …).

(20) Ba cheart an CETFT a bheith in ann tacú le forbairt áitiúil faoi stiúir an phobail atá curtha ar bun i gcomhréir leis na rialacha nua atá leagtha síos i Rialachán (AE) XXXX/XXXX [RFC nua]. Chun nach ndéanfar cistí a fhágáil gan chaitheamh maidir le forbairt áitiúil faoi stiúir an phobail sa bhliain chlárthréimhse 2021, áfach, ba cheart go mbeadh Ballstáit a dhéanann an cinneadh a gcláir um fhorbairt tuaithe a shíneadh go dtí an 31 Nollaig 2021 agus a bhaineann leas as an bhféidearthacht méideanna a aistriú ó íocaíochtaí díreacha chuig forbairt tuaithe, ba cheart go mbeidís in ann an leithdháileadh íosta 5 % maidir le forbairt áitiúil faoi stiúir an phobail a chur i bhfeidhm ach i leith ranníocaíocht CETFT do na cláir um fhorbairt tuaithe arna síneadh go dtí an 31 Nollaig 2021 agus déanfar é sin a ríomh sula ndéanfar méideanna ó íocaíocht dhíreach a aistriú.

(21) Chun leanúnachas a áirithiú maidir leis an idirthréimhse, ba cheart an cúlchiste le haghaidh géarchéimeanna san earnáil talmhaíochta a choimeád le haghaidh 2021 agus ba cheart méid ábhartha an chúlchiste le haghaidh 2021 a chur san áireamh.

(22) Maidir le réamh-mhaoiniú socruithe ó CETFT, ba cheart a shoiléiriú, i gcás ina gcinneann na Ballstáit an tréimhse 2014–2020 a shíneadh go dtí an 31 Nollaig 2021, nár cheart aon réamh-mhaoiniú breise a bheith deonaithe mar gheall ar sin do na cláir lena mbaineann.

(23) Ní fhoráiltear in Airteagal 11 de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 faoi láthair ach maidir le hoibleagáid fógra do Bhallstáit i dtaobh a gcinntí agus an toradh measta a bhaineann leis an laghdú ar an gcuid de mhéid na n-íocaíochtaí díreacha atá le deonú d'fheirmeoir ar feadh bliana féilire áirithe atá níos mó ná EUR 150 000 sna blianta 2015 go 2020. D'fhonn a áirithiú go leanfar den chóras atá ann cheana, ba cheart do na Ballstáit a gcinntí a fhógairt freisin agus maidir leis an toradh measta ar an laghdú don bhliain 2021.

(24) Cuireann Airteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ar chumas na mBallstát cistí a aistriú idir íocaíochtaí díreacha agus forbairt tuaithe maidir leis na blianta féilire 2014 go 2020. Chun a áirithiú go bhféadfaidh na Ballstáit a cloí lena straitéis féin, ba cheart an tsolúbthacht idir colúin a chur ar fáil don bhliain féilire 2021 freisin (i.e. an bhliain féilire 2022).

(25) Chun gur féidir leis an gCoimisiún uasteorainneacha buiséadacha a shocrú i gcomhréir le hAirteagal 22(1), le hAirteagal 36(4), le hAirteagal 42(2), le hAirteagal 47(3), le hAirteagal 49(2), le hAirteagal 51(4) agus le hAirteagal 53(7) de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013, is gá go ndéanfadh Ballstáit a gcinntí maidir le leithdháiltí a fhógairt de réir scéime don bhliain féilire 2021 faoin 1 Lúnasa 2020.

(26) Foráiltear in Airteagal 22(5) de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 maidir le coigeartú líneach ar luach teidlíochtaí i gcás ina n-athraítear an uasteorainn do scéim na híocaíochta bunúsaí ó bhliain amháin go dtí an bhliain dár gcionn mar gheall ar chinntí áirithe a ghlac Ballstáit, cinntí a imríonn tionchar ar an uasteorainn do scéim na híocaíochta bunúsaí. D'fhéadfadh an síneadh ar Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin maidir le huasteorainneacha náisiúnta tar éis na bliana féilire 2020 agus na hathruithe bliantúla féideartha ón dáta sin tionchar a imirt ar an uasteorainn do scéim na híocaíochta bunúsaí. Dá réir sin, ionas go mbeidh Ballstáit in ann cloí leis an oibleagáid go mbeidh cothromaíocht idir shuim luach na dteidlíochtaí agus na gcúlchistí agus an uasteorainn don scéim íocaíochta bunúsaí a leagtar síos in Airteagal 22(4) den Rialachán sin, is cuí foráil a dhéanamh maidir le coigeartú líneach chun oiriúnú do shíneadh na n-athruithe nó do na hathruithe in Iarscríbhinn II le linn na hidirthréimhse. Ina theannta sin, chun tuilleadh solúbthachta a thabhairt do na Ballstáit, is dealraitheach gur iomchuí ligean do na Ballstáit luach na dteidlíochtaí nó an chúlchiste a oiriúnú, agus rátaí difriúla coigeartaithe i gceist b’fhéidir.

(27) I gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil atá ann faoi láthair, d'fhógair na Ballstáit in 2014 a gcinntí suas go dtí an bhliain féilire 2020, maidir le roinnt na huasteorann náisiúnta bliantúla le haghaidh scéim na híocaíochta bunúsaí idir na réigiúin na modhnuithe bliantúla de réir a chéile

a d'fhéadfadh a bheith ann don tréimhse a chumhdaítear le Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013. Is gá go ndéanfaidh Ballstáit na cinntí sin don bhliain féilire 2021 a fhógairt freisin.

(28) Is é an sásra cóineasaithe inmheánach an próiseas lárnach le haghaidh leithdháileadh níos cothroime ar thacaíocht ioncaim dhíreach i measc feirmeoirí. Tá sé ag éirí níos deacra agus níos deacra difríochtaí suntasacha aonair bunaithe ar sheantagairtí stairiúla a chosaint. I Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013, is é atá i gceist le samhail bhunúsach an chóineasaithe inmheánaigh go ndéanfadh na Ballstáit ráta comhréidh aonfhoirmeach a fheidhmiú le haghaidh na dteidlíochtaí íocaíochta go léir, ag leibhéal náisiúnta nó réigiúnach, ó 2015 ar aghaidh. Ar mhaithe le trasdul níos réidhe go luach aonfhoirmeach, áfach, socraíodh maolú ag ligean do na Ballstáit éagsúlú a dhéanamh ar luachanna na dteidlíochtaí íocaíochta trí chóineasú páirteach a chur i bhfeidhm, ar a dtugtar an “tsamhail tolláin” freisin, idir 2015 agus 2019. Bhain roinnt Ballstát leas as an maolú sin. Chun leanúint leis an bpróiseas i dtreo leithdháileadh níos cothroime ar íocaíochtaí díreacha, is féidir le Ballstáit cóineasú breise a dhéanamh i dtreo meán náisiúnta nó réigiúnach tar éis 2019 seachas leas a bhaint as ráta comhréidh aonfhoirmeach nó luach na dteidlíochtaí a choimeád ar leibhéal 2019. Ba cheart dóibh a gcinneadh i leith na bliana dár gcionn a fhógairt go bliantúil.

(29) Foráiltear in Airteagal 30 de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 maidir le modhnuithe bliantúla de réir a chéile ar luach na dteidlíochtaí íocaíochta arna leithdháileadh ón gcúlchiste le bheith i gcomhréir le céimeanna bliantúla na huasteorann náisiúnta atá socraithe in Iarscríbhinn II leis an Rialachán sin, atá i gcomhréir le bainistiú “ilbhliantúil” ar an gcúlchiste. Ba cheart na rialacha sin a oiriúnú chun a léiriú go bhfuil sé indéanta luach na dteidlíochtaí uile arna leithdháileadh agus luach an chúlchiste araon a leasú chun oiriúnú d'athrú ar an méid san Iarscríbhinn II idir dhá bhliain. Ina theannta sin, i roinnt Ballstát nár bhain ráta comhréidh amach faoi 2019, déantar cóineasú inmheánach a chur chun feidhme ar bhonn bliantúil. I gcás bhliain 2020 agus 2021, ní gá ach luach theidlíocht íocaíochta na bliana reatha a chinneadh i mbliain an leithdháilte. Ba cheart luach aonaid na dteidlíochtaí atá le leithdháileadh ón gcúlchiste i mbliain áirithe a ríomh tar éis coigeartú féideartha an chúlchiste i gcomhréir le hAirteagal 22(5) den Rialachán sin. In aon bhliain ina dhiaidh sin, ba cheart luach na dteidlíochtaí íocaíochta arna leithdháileadh ón gcúlchiste a oiriúnú i gcomhréir le hAirteagal 22(5).

(30) Foráileann Airteagal 36 de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 maidir le feidhmiú na scéime íocaíochta aonair limistéir (SIAL) go dtí 31 Nollaig 2020. Ligean an Rialachán maidir le Plean Straitéiseach faoi CBT (AE) .../... [an Rialachán maidir le Plean Straitéiseach faoi CBT] do na Ballstáit tacaíocht bhunúsach ioncaim a chur chun feidhme leis na módúlachtaí céanna, i.e. gan teidlíochtaí íocaíochta a leithdháileadh bunaithe ar thagairtí stairiúla. Dá bhrí sin, is cuí fadú ar SIAL in 2021 a cheadú.

(31) Ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil, ba cheart a shoiléiriú go ligeann Airteagal 41 agus 42 de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 do na Ballstáit athbhreithniú a dhéanamh, ar bhonn bliantúil, ar a gcinntí maidir le híocaíocht athdháilte.

(32) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013, (AE) Uimh. 1306/2013, (AE) Uimh. 1307/2013, (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) Uimh. 228/2013 agus (AE) Uimh. 229/2013 a leasú dá réir.

(33) Maidir leis an soiléiriú ar chóineasú ón mbliain 2020, ba cheart feidhm chúlghabhálach a bheith ag pointe 6 d'Airteagal 10 ón 1 Eanáir 2020.

(34) Ina theannta sin, ba cheart feidhm a bheith ag na leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 228/2013 agus (AE) Uimh. 229/2013 ón 1 Eanáir 2021 i gcomhréir le Rialachán (AE) …/…[Rialachán lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil don tréimhse 2021 go 2027],

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

# Teideal I
# Forálacha Idirthréimhseacha

## Caibidil I
## Leanúint de bheith ag cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ar feadh na bliana clárthréimhse 2021 agus síneadh ama a chur le tréimhsí áirithe faoi Rialacháin (AE) Uimh. 1303/2013 agus (AE) Uimh. 1310/2013

*Airteagal 1*
*Síneadh ama a chur le tréimhse na gclár a fhaigheann tacaíocht ó CETFT*

1. Maidir le cláir a fhaigheann tacaíocht ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT), agus maidir le Ballstáit a bhfuil riosca ag gabháil dóibh, de dheasca easpa acmhainní airgeadais, nach bhféadfaidís dul faoi cheangal gealltanais dhlíthiúla nua i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013, féadfaidh na Ballstáit sin síneadh ama go 31 Nollaig 2021 a chur leis an tréimhse a leagtar síos in Airteagal 26(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013.

Ballstáit a chinneann úsáid a bhaint as an bhféidearthacht dá bhforáiltear sa chéad fhomhír, tabharfaidh siad fógra faoina gcinneadh don Choimisiún laistigh de 10 lá ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. I gcás inar chuir na Ballstáit isteach sraith de chláir réigiúnacha i gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013, beidh san fhógra sin freisin faisnéis á insint cé na cláir réigiúnacha a bhfuiltear le síneadh ama a chur leo agus faisnéis maidir leis an leithdháileadh buiséadach comhfhreagrach laistigh den mhiondealú bliantúil le haghaidh na bliana 2021 mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013.

I gcás ina measfaidh an Coimisiún nach bhfuil údar cuí le síneadh ama a chur leis an tréimhse dá dtagraítear faoin gcéad fhomhír, cuirfidh sé é sin in iúl don Bhallstát laistigh de 6 seachtainí ón dáta a bhfaighidh sé an fógra dá dtagraítear sa dara fomhír.

An fógra dá dtagraítear sa dara fomhír, beidh sé gan dochar don riachtanas iarratas a chur isteach leasú a dhéanamh ar an gclár forbartha tuaithe le haghaidh na bliana 2021 dá dtagraítear in Airteagal 11(1)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013. Beidh sé d'aidhm le leasú den chineál sin an caiteachas CETFT a choimeád ag an leibhéal foriomlán céanna, ar a laghad, i gcás na mbeart dá dtagraítear in Airteagal 59(6) den Rialachán sin.

2. Maidir leis na Ballstáit nach gcinnfidh úsáid a bhaint as an bhféidearthacht dá bhforáiltear i mír 1 den Airteagal seo, beidh feidhm ina gcás siúd ag Airteagal [8] de Rialachán (AE).../... [Rialachán lena leagtar síos creat airgeadais ilbhliantúil le haghaidh na mblianta 2021 go 2027] maidir leis an leithdháileadh le haghaidh na bliana 2021, nár úsáideadh, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013.

I gcás ina gcinnfidh Ballstát úsáid a bhaint as an bhféidearthacht dá dtagraítear i mír 1, agus gan sin a dhéanamh ach maidir le cláir réigiúnacha áirithe, is é a bheidh sa leithdháileadh dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo an méid a leagtar amach i gcomhair an Bhallstáit sin le haghaidh 2021 in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 lúide na leithdháiltí buiséadacha a dtugtar fógra mar gheall orthu i gcomhréir leis an gcéad fhomhír de mhír 2 i gcomhair na gclár réigiúnacha a gcuirfear síneadh ama leo.

*Airteagal 2*

*Rialachán (AE) Uimh. 1303/ 2013 leanúint d'fheidhm a bheith aige maidir le cláir*

3. Leanfaidh Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 d'fheidhm a bheith aige maidir le cláir a fhaigheann tacaíocht ó CETFT faoi chlárthréimhse 2014-2020 agus maidir leis na cláir sin a gcinnfidh na Ballstáit ina leith síneadh ama a chur leis an tréimhse 2014-2020 i gcomhréir le hAirteagal 1(1) den Rialachán seo.

4. Maidir le cláir a gcinnfidh na Ballstáit ina leith síneadh ama a chur leis an tréimhse 2014-2020 i gcomhréir le hAirteagal 1(1) den Rialachán seo, cuirfear síneadh ama aon bhliana amháin leis na tagairtí do thréimhsí nó spriocanna ama in Airteagal 50(1), Airteagal 51(1), Airteagal 57(2), Airteagal 65(2) agus (4), agus sa chéad mhír d'Airteagal 76 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013.

5. Maidir le Ballstáit a chinnfidh síneadh ama a chur le tréimhse 2014-2020 i gcomhréir le le hAirteagal 1(1) den Rialachán seo, leanfaidh an Comhaontú Comhpháirtíochta a tarraingíodh suas le haghaidh na tréimhse ón 1 Eanáir 2014 go dtí an 31 Nollaig 2020 i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013, de bheith á úsáid mar dhoiciméad straitéiseach ag na Ballstáit agus ag an gCoimisiún a mhéid a bhaineann le cur chun feidhme na tacaíochta a dheonóidh CETFT le haghaidh na bliana 2021.

6. Is é an 31 Nollaig 2026 an dáta is déanaí faoina n-ullmhóidh an Coimisiún tuarascáil sintéise ina mbeidh príomhchonclúidí na meastóireachtaí *ex post* ar CETFT a shocraítear le hAirteagal 57(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013.

*Airteagal 3*

*Incháilitheacht cineálacha áirithe caiteachais in 2021*

Gan dochar d'Airteagal 65(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013, d'Airteagal 2(2) den Rialachán seo ná d'Airteagal 38 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, beidh an caiteachas dá dtagraítear in Airteagal 3(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1310/2013 agus in Airteagal 16 de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 807/2014, beidh sé incháilithe le haghaidh ranníocaíocht ó CETFT as leithdháileadh 2021 i gcomhair cláir a fhaigheann tacaíocht ó CETFT a gcinnfidh na Ballstáit ina leith síneadh ama a chur le tréimhse 2014-2020 i gcomhréir le hAirteagal 1(1) den Rialachán seo, faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:

(a) déantar foráil do chaiteachas den sórt sin sa chlár forbartha tuaithe ábhartha i gcomhair 2021;

(b) an ráta ranníocaíochta CETFT a ghabhann leis an mbeart comhfhreagrach faoi Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1310/2013 agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 807/2014, tá sé infheidhme;

(c) an córas dá dtagraítear in Airteagal 67(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, tá sé infheidhme maidir leis na gealltanais dhlíthiúla ar gabhadh faoina gceangal faoi bhearta a chomhfhreagraíonn do thacaíocht a deonaíodh i gcomhréir le pointí (a) agus (b) d'Airteagal 21(1), le hAirteagail 28 go 31 agus le hAirteagail 33, 34 agus 40 den Rialachán sin agus sainaithnítear go soiléir na hoibríochtaí is ábhartha; agus

(d) rinneadh na híocaíochtaí i leith na ngealltanas dlíthiúil dá dtagraítear i bpointe (c) laistigh den tréimhse a leagtar síos in Airteagal 75 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013.

## Caibidil II
## Airteagail 25 go 28 de Rialachán (AE) [NEW CPR] a chur i bhfeidhm ar feadh na bliana clárthréimhse 2021

*Airteagal 4*

*Forbairt áitiúil faoi stiúir an phobail*

Maidir le cláir a fuair tacaíocht CETFT sa tréimhse 2014-2020 agus maidir le cláir a gcinnfidh Ballstáit ina leith síneadh ama a chur le tréimhse 2014-2020 i gcomhréir le hAirteagal 1(1) den Rialachán seo, féadfaidh CETFT tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt áitiúil ilchistithe faoi stiúir an phobail i gcomhréir le hAirteagail 25 go 28 de Rialachán (AE) [NEW CPR].

## Caibidil III
## Teidlíochtaí íocaíochta i gcás íocaíochtaí díreach le feirmeoirí

*Airteagal 5*

*Teidlíochtaí íocaíochta cinntitheacha*

7. Amhail ón 1 Eanáir 2021, measfar gur dlíthiúil agus rialta iad na teidlíochtaí íocaíochta a leithdháileadh ar fheirmeoirí roimh an 1 Eanáir 2020. An luach le haghaidh na bliana féilire 2020 atá bailí an 31 Nollaig 2020, is é sin an luach a bheidh ag na teidlíochtaí sin a bhfuiltear lena meas mar theidlíochtaí dlíthiúla rialta. Tá sin gan dochar do na hairteagail ábhartha i ndlí an Aontais, Airteagal 22(5) agus Airteagal 25(12) de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 go háirithe, a bhaineann le luach teidlíochtaí íocaíochta le haghaidh na bliana féilire 2021 agus ó sin amach.

8. Ní chuirfear mír 1 i bhfeidhm maidir leis na teidlíochtaí íocaíochta a leithdháileadh ar fheirmeoirí bunaithe ar iarratais a bhí míchruinn ó thaobh fíricí, ach amháin i gcásanna nach bhféadfaí a bheith ag súil go réasúnta go n-aimseodh an feirmeoir an earráid.

9. Beidh mír 1 gan dochar don chumhacht atá ag an gCoimisiún cinntí dá dtagraítear in Airteagal 52 de Rialachán (CE) Uimh. 1306/2013 a dhéanamh maidir le caiteachas a thabhaítear i gcás íocaíochtaí a deonaíodh, i leith aon bhliain féilire, suas go 2020 agus 2020 san áireamh.

## Caibidil IV
## Forálacha idirthréimhseacha a bhaineann le Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013, (AE) Uimh. 1306/2013 agus (AE) Uimh. 1308/2013 agus cur chun feidhme Phleananna Straitéiseacha CBT

### Roinn 1
### Forbairt tuaithe

*Airteagal 6*

*Incháilitheacht cineálacha áirithe caiteachais i dtréimhse Phlean Straitéiseach CBT*

10. Caiteachas a bhaineann le gealltanais dhlíthiúla i leith tairbhithe a thabhaítear faoi na bearta dá dtagraítear in Airteagail 23, 39 agus 43 de Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 ón

gComhairle[19] a fhaigheann tacaíocht faoi Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013, leanfaidh siad de bheith incháilithe le haghaidh ranníocaíocht CETFT sa tréimhse 2022-2027 a chumhdaítear faoi Phlean Straitéiseach CBT, faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:

(e) déantar foráil don chaiteachas sin i bPlean Straitéiseach CBT le haghaidh 2022-2027 i gcomhréir le Rialachán (AE) [Rialachán Phlean CBT] agus comhlíonann sé Rialachán (AE) [HzR];

(f) ráta ranníocaíochta CETFT na hidirghabhála comhfhreagraí a leagtar síos i bPlean Straitéiseach CBT i gcomhréir le Rialachán (AE) [an Rialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha faoi CBT], tá sé infheidhme; Mura bhfuil aon idirghabháil chomhfhreagrach ann, is é an ráta a bheidh infheidhme an ráta ranníocaíochta CETFT a leagtar síos i bPlean Straitéiseach CBT de bhun Airteagal 85(2)(d) de Rialachán (AE) Uimh. [an Rialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha faoi CBT];

(g) an córas comhtháite dá dtagraítear in Airteagal 63(2) de Rialachán (AE) [HzR], tá sé infheidhme maidir leis na gealltanais dhlíthiúla a thugtar faoi bhearta atá comhfhreagrach leis na cineálacha idirghabhála limistéarbhunaithe agus ainmhíbhunaithe a liostaítear i gCaibidlí II agus IV de Theideal III de Rialachán (AE) [an Rialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha faoi CBT] agus sainaithnítear go soiléir na hoibríochtaí ábhartha; agus

(h) na híocaíochtaí i ndáil leis na gealltanais dhlíthiúla dá dtagraítear i bpointe (c), déantar iad laistigh den tréimhse a leagtar síos in Airteagal 42 de Rialachán (AE) [HzR].

11. Caiteachas a bhaineann le gealltanais dhlíthiúla i leith tairbhithe a thabhaítear faoi na bearta ilbhliantúla dá dtagraítear in Airteagail 28, 29, 33 agus 34 de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 agus caiteachas a bhaineann le gealltanais dhlíthiúla i leith tréimhse is faide amach ná 1 Eanáir 2024, nó is faide amach ná 1 Eanáir 2025 i mBallstáit a chinnfidh síneadh ama a chur le tréimhse 2014-2020 i gcomhréir le hAirteagal 1(1) den Rialachán seo, ar caiteachas é faoi Airteagail 14 go 18, faoi phointí (a) agus (b) d'Airteagal 19(1), faoi Airteagal 20, faoi Airteagail 22 go 27 agus 35, 38, 39 agus 39a de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 agus faoi Airteagal 35 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013, beidh an caiteachas sin incháilithe le haghaidh ranníocaíocht CETFT sa tréimhse 2022-2027 a chumhdaítear faoi Phlean Straitéiseach CBT, faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:

(i) déantar foráil don chaiteachas sin sa Phlean Straitéiseach CBT le haghaidh 2022-2027 i gcomhréir le Rialachán (AE) [an Rialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha faoi CBT] agus comhlíonann sé Rialachán (AE) [HzR];

(j) tá feidhm ag an ráta ranníocaíochta CETFT a ghabhann leis an idirghabháil chomhfhreagrach a leagtar síos i bPlean Straitéiseach CBT i gcomhréir le Rialachán (AE) [an Rialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha faoi CBT];

(k) an córas comhtháite dá dtagraítear in Airteagal 63(2) de Rialachán (AE) [HzR], tá sé infheidhme maidir leis na gealltanais dhlíthiúla a thugtar faoi bhearta atá comhfhreagrach leis na cineálacha idirghabhála limistéarbhunaithe agus ainmhíbhunaithe a liostaítear i gCaibidlí II agus IV de Theideal III de Rialachán (AE) [an Rialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha faoi CBT] agus sainaithnítear go soiléir na hoibríochtaí ábhartha; agus

(l) na híocaíochtaí i ndáil leis na gealltanais dhlíthiúla dá dtagraítear i bpointe (c), déantar iad laistigh den tréimhse a leagtar síos in Airteagal 42 de Rialachán (AE) [HzR].

[19] Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 ón gComhairle an 20 Meán Fómhair 2005 maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT). (IO L 277, 21.10.2005, lch. 1).

## ROINN 2
## SCÉIMEANNA CABHRACH DÁ DTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAIL 29 GO 60 DE RIALACHÁN (AE) UIMH. 1308/2013

*Airteagal 7*

*Síneadh ama a chur le tréimhse cur i bhfeidhm na scéimeanna cabhrach dá dtagraítear in Airteagail 29 go 60 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 agus de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013*

12. Na cláir oibre lena dtacaítear leis na hearnálacha ola olóige agus ológa boird dá dtagraítear in Airteagal 29 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, a tarraingíodh suas le haghaidh na tréimhse ón 1 Aibreán 2018 go dtí an 31 Márta 2021, cuirfear síneadh ama leo agus tiocfaidh deireadh leo an 31 Nollaig 2021. Na heagraíochtaí táirgeoirí ábhartha a shainaithnítear faoi Airteagal 152 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, na comhlachais ábhartha eagraíochtaí táirgeoirí a shainaithnítear faoi Airteagal 156 den Rialachán sin agus na heagraíochtaí ábhartha idirchraoibhe a shainaithnítear faoi Airteagal 157 den Rialachán sin, déanfaidh siad a gcuid clár oibre a mhodhnú chun an síneadh ama sin a chur san áireamh. Cuirfear na cláir oibre mhodhnaithe in iúl don Choimisiún faoin 31 Nollaig 2020.

13. Eagraíochtaí táirgeoirí sainaitheanta san earnáil torthaí agus ghlasraí a bhfuil clár oibríochtúil acu dá dtagraítear in Airteagal 33 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 a formheasadh ag Ballstát go ceann tréimhse is faide amach ná an 31 Nollaig 2021, cuirfidh siad, faoin 15 Meán Fómhair 2021, iarraidh faoi bhráid an Bhallstáit agus é d'éifeacht leis an iarraidh sin a iarraidh go ndéanfaí a gclár oibríochtúil:

(m) a mhodhnú chun ceanglais Rialachán (AE) [an Rialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha faoi CBT] a chomhlíonadh; nó

(n) a ionadú le clár oibríochtúil nua arna fhormheas faoi Rialachán (AE) [an Rialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha faoi CBT].

I gcás nach gcuirfidh eagraíocht táirgeoirí sainaitheanta an iarraidh sin faoi bhráid an Bhallstáit faoin 15 Meán Fómhair 2021, tiocfaidh deireadh an 31 Nollaig 2021 lena chlár oibríochtúil arna fhormheas faoi Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.

14. Na cláir thacaíochta in earnáil an fhíona dá dtagraítear in Airteagal 40 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, tiocfaidh deireadh leo an 15 Deireadh Fómhair 2023. Leanfaidh Airteagail 39 go 54 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 de bheith i bhfeidhm tar éis an 31 Nollaig 2021 a mhéid a bhaineann le caiteachas a tabhaíodh agus le híocaíochtaí a rinneadh i gcomhair oibríochtaí a cuireadh chun feidhme de bhun an Rialacháin sin roimh an 16 Deireadh Fómhair 2023 laistigh den scéim chabhrach dá dtagraítear in Airteagail 39 go 52 den Rialachán sin.

15. Na cláir náisiúnta in earnáil na beachadóireachta dá dtagraítear in Airteagal 55 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, tiocfaidh deireadh leo an 31 Iúil 2022. Leanfaidh Airteagail 55, 56 agus 57 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 de bheith i bhfeidhm tar éis an 31 Nollaig 2021 a mhéid a bhaineann le caiteachas a tabhaíodh agus le híocaíochtaí a rinneadh i gcomhair oibríochtaí a cuireadh chun feidhme de bhun an Rialacháin sin roimh an 1 Lúnasa 2022 laistigh den scéim chabhrach dá dtagraítear in Airteagal 55 den Rialachán sin.

16. Amhail ón dáta a mbeidh feidhm dhlíthiúil le Plean Straitéiseach CBT i gcomhréir le hAirteagal 106(7) de Rialachán (AE) ..../ .... [an Rialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha faoi CBT], maidir le suim na n-íocaíochtaí a rinneadh laistigh den bhliain airgeadais faoi gach ceann de na scéimeanna cabhrach dá dtagraítear in Airteagail 29 go 31 agus Airteagail 39 go 60 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013; agus faoi gach ceann de na hidirghabhálacha de

chineál earnála dá dtagraítear i bpointí (b) go (e) d'Airteagal 39 de Rialachán (AE) ..../ .... [an Rialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha faoi CBT], ní rachaidh an tsuim sin thar na leithdháiltí airgeadais a leagtar síos i gcomhair gach bliain airgeadais i gcomhair gach ceann de na hidirghabhálacha de chineál earnála dá dtagraítear i bpointí (b) go (e) d'Airteagal 39 de Rialachán (AE) ..../.... [an Rialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha faoi CBT].

17. Maidir leis na scéimeanna cabhrach dá dtagraítear i míreanna 3 agus 4 den Airteagal seo, leanfaidh Airteagal 7(3), Airteagail 9, 21, 43, 51, 52, 54, 59, 67, 68, 70 go 75, 77, 91 go 97, 99, 100, Airteagal 102(2), agus Airteagail 110 agus 111 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 agus na forálacha ábhartha de ghníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme a bhaineann leis na hAirteagail sin de bheith i bhfeidhm tar éis an 31 Nollaig 2021 a mhéid a bhaineann le caiteachas a thabhófar agus le híocaíochtaí a dhéanfar i gcomhair oibríochtaí a chuirfear chun feidhme de bhun Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 tar éis an dáta sin agus go dtí go dtiocfaidh deireadh leis na scéimeanna cabhrach dá dtagraítear i míreanna 3 agus 4 den Airteagal seo.

# Leasuithe ar Theideal III

*Airteagal 8*

*Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013*

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 mar a leanas:

(2) in Airteagal 28(5), cuirtear an dara fomhír seo a leanas leis:

'Maidir le gealltanais nua a rachfar faoina gceangal ó 2021 amach, cinnfidh na Ballstáit ar thréimhse is giorra, is é sin tréimhse idir aon bhliain amháin agus trí bliana ar fad, ina gcuid clár forbartha tuaithe. Má dhéanann na Ballstáit soláthar le haghaidh síneadh ama bliantúil a chur leis na gealltanais tar éis dheireadh na tréimhse tosaigh i gcomhréir leis an gcéad fhomhír, ní rachaidh, ó 2021 amach, an síneadh sin thar aon bhliain amháin. Ó 2021 amach, maidir le gealltanais nua díreach tar éis gealltanas a comhlíonadh sa tréimhse tosaigh, cinnfidh na Ballstáit ar thréimhse aon bhliain amháin ina gcuid clár forbartha tuaithe.';

(3) in Airteagal 29(3), cuirtear an dara fomhír seo a leanas leis:

'Maidir le gealltanais nua a rachfar faoina gceangal ó 2021 amach, cinnfidh na Ballstáit ar thréimhse is giorra, is é sin tréimhse idir aon bhliain amháin agus trí bliana ar fad, ina gcuid clár forbartha tuaithe. Má dhéanann na Ballstáit soláthar le haghaidh síneadh ama bliantúil i gcomhair feirmeoireacht orgánach tar éis dheireadh na tréimhse tosaigh i gcomhréir leis an gcéad fhomhír, ní rachaidh, ó 2021 amach, an síneadh sin thar aon bhliain amháin. Ó 2021 amach, maidir le gealltanais nua a bhaineann le cothabháil dhíreach, tar éis an ghealltanais a comhlíonadh sa tréimhse tosaigh, cinnfidh na Ballstáit ar thréimhse aon bhliain amháin ina gcuid clár forbartha tuaithe.';

(4) in Airteagal 33(2), cuirtear isteach an tríú fomhír seo a leanas:

'Maidir le gealltanais nua a rachfar faoina gceangal ó 2021 amach, cinnfidh na Ballstáit ar thréimhse níos giorra, is é sin tréimhse idir aon bhliain amháin agus trí bliana ar fad, ina gcuid clár forbartha tuaithe. Má dhéanann na Ballstáit soláthar le haghaidh síneadh ama bliantúil a chur leis na gealltanais tar éis dheireadh na tréimhse tosaigh i gcomhréir leis an gcéad fhomhír, ní rachaidh, ó 2021 amach, an síneadh sin thar aon bhliain amháin.';

(5) in Airteagal 42, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. De bhreis ar na cúraimí dá dtagraítear in Airteagal 34 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 agus, i gcás inarb infheidhme, na cúraimí dá dtagraítear in Airteagal 27 de Rialachán (AE) [NEW CPR] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*, féadfaidh grúpaí áitiúla gníomhaíochta cúraimí breise arna dtarmligean chucu ag an Údarás Bainistíochta agus/nó ag an ngníomhaireacht íocaíochta a chomhlíonadh.

-------

* Rialachán (AE) [NEW CPR] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an [...] [...] (IO ....).';

(6) in Airteagal 44, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

'Déanfar an tacaíocht dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 35(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 agus, i gcás inarb infheidhme, na cúraimí dá dtagraítear in Airteagal 28 de Rialachán (AE) [NEW CPR], a dheonú do:';

(7) Leasaítear Airteagal 58 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an dara fomhír seo a leanas leis:

‘Gan dochar do mhíreanna 5, 6 agus 7, is EUR 11 258 707 816 ar a mhéad, i bpraghsanna reatha, méid iomlán na tacaíochta ón Aontas a bheidh ann don fhorbairt tuaithe faoi Rialachán seo, i gcomhair na tréimhse ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2021, i gcomhréir leis an gcreat ilbhliantúil airgeadais le haghaidh na mblianta 2021 go dtí 2027.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 7:

‘7. Chun na forbairtí a bhaineann leis an miondealú bliantúil dá dtagraítear i mír 4 a chur san áireamh, ar a n-áirítear na haistrithe dá dtagraítear i míreanna 5 agus 6 agus na haistrithe a thiocfaidh de chur i bhfeidhm Airteagal 1 de Rialachán (AE) XXXX/XXXX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle* [an Rialachán seo], chun coigeartuithe teicniúla a dhéanamh gan na leithdháiltí foriomlána a athrú, nó chun aon athrú eile a chur san áireamh a ndéanfar foráil lena aghaidh le gníomh reachtach tar éis an Rialachán seo a ghlacadh, cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 83 den Rialachán seo, chun na huasteorainneacha a leagtar amach in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an Rialachán seo a athbhreithniú.

-----

* Rialachán (AE) [...] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an [...] [...] (IO …..).’;

(8) in Airteagal 59(5), cuirtear an dara fomhír seo a leanas leis:

‘Aon uair a bhainfidh na Ballstáit úsáid as an bhféidearthacht dá bhforáiltear sa séú fomhír d’Airteagal 14(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013, beidh feidhm ag na céatadáin a leagtar síos sa chéad fhomhír den mhír seo maidir le ranníocaíocht iomlán CETFT i gcomhair an chláir forbartha tuaithe gan an tacaíocht bhreise a chuirtear ar fáil i gcomhréir leis an séú fomhír d’Airteagal 14(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013’;

(9) in Airteagal 75(1) cuirtear an dara fomhír seo a leanas leis:

‘Maidir le cláir a gcinnfidh Ballstát ina leith síneadh ama a chur leis an tréimhse 2014–2020 i gcomhréir le hAirteagal 1(1) de Rialachán (AE) [XXXX/XXXX] [an Rialachán seo], cuirfidh an Ballstát sin an tuarascáil bhliantúil ar chur chun feidhme faoi bhráid an Choimisiúin de bhun na chéad fhomhíre den mhír seo go dtí an 31 Nollaig 2025.’;

(10) in Airteagal 78, cuirtear an dara fomhír seo a leanas leis:

‘Maidir le cláir a gcinnfidh Ballstát ina leith síneadh ama a chur leis an tréimhse 2014-2020 i gcomhréir le hAirteagal 1(1) de Rialachán (AE) [XXXX/XXXX] [an Rialachán seo], cuirfidh an Ballstát sin an tuarascáil meastóireachta *ex post* faoi bhráid an Choimisiúin de bhun na chéad fhomhíre den mhír seo go dtí an 31 Nollaig 2025.’;

(11) Leasaítear Iarscríbhinn I i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 9*

*Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013*

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 mar a leanas:

(12) in Airteagal 25, cuirtear an tríú fomhír seo a leanas leis:

'Maidir le 2021, is é EUR 400 milliún (ag praghsanna 2011) an méid a bheidh sa chúlchiste agus áireofar é faoi Cheanntheideal 3 den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) [xxxx/xxxx] ón gComhairle*[CAI].

-----

* Rialachán (AE) [...] an [...] [lena leagtar síos an Creat Airgeadais Ilbhliantúil le haghaidh na mblianta 2021 go 2027 (IO .....)';

(13) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 33:

'Airteagal 33

Gealltanais bhuiséadacha

A mhéid a bhaineann le gealltanais bhuiséadacha an Aontais i gcomhair cláir forbartha tuaithe, beidh feidhm ag Airteagal 76 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013, i gcomhar le hAirteagal 2(2) de Rialachán (AE) [XXXX/XXXX] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*[an Rialachán seo] i gcás inarb infheidhme.

* Rialachán (AE) [...] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an [...] [...] (IO …..).';

(14) in Airteagal 35, cuirtear an mhír 5 seo a leanas leis:

'5. Maidir le cláir a gcinnfidh na Ballstáit ina leith síneadh ama a chur leis an tréimhse 2014-2020 i gcomhréir le hAirteagal 1(1) de Rialachán (AE) [XXXX/XXXX] [an Rialachán seo], ní dheonófar aon réamh-mhaoiniú i gcomhair leithdháileadh 2021.';

(15) in Airteagal 37, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Nuair a gheobhaidh an Coimisiún an tuarascáil bhliantúil deiridh faoin dul chun cinn atá déanta maidir le cur chun feidhme cláir fhorbartha tuaithe, íocfaidh an Coimisiún an t-iarmhéid, ach na hacmhainní a bheith ar fáil, ar bhonn an phlean airgeadais atá i bhfeidhm, ar bhonn na gcuntas bliantúil le haghaidh na bliana deireanaí de chur i gcrích an chláir ábhartha forbartha tuaithe agus ar bhonn an chinnidh chomhfhreagraigh maidir le himréiteach. Cuirfear na cuntais sin faoi bhráid an Choimisiúin tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis an dáta deiridh incháilitheachta maidir le caiteachas dá dtagraítear in Airteagal 65(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013, agus i gcomhar le hAirteagal 2(2) de Rialachán (AE) [XXXX/XXXX' [an Rialachán seo] i gcás inarb infheidhme. Beidh cumhdaithe iontu an caiteachas a dhéanfaidh an ghníomhaireacht íocaíochta suas go dtí an dáta deiridh incháilitheachta maidir le caiteachas.';

(16) in Airteagal 38, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. An chuid sin de ghealltanais bhuiséadacha a bhí fós oscailte ar an dáta deiridh incháilitheachta maidir le caiteachas dá dtagraítear in Airteagal 65(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013, agus i gcomhar le hAirteagal 2(2) de Rialachán (AE) [XXXX/XXX] [an Rialachán seo] i gcás inarb infheidhme, agus nach ndearnadh dearbhú caiteachais ina leith laistigh de 6 mhí ón dáta sin, déanfar an chuid sin a shaoradh go huathoibríoch.'.

*Airteagal 10*

*Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013*

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 mar a leanas:

(17) in Airteagal 11(6), cuirtear an ceathrú fomhír seo a leanas leis:

"Maidir leis an mbliain 2021, tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún, faoin 1 Lúnasa 2020, faoi na cinntí a rinneadh i gcomhréir leis an Airteagal seo agus faoin meastachán ar chomhthoradh aon laghduithe a bheadh déanta.";

(18) Leasaítear Airteagal 14 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an seachtú fomhír seo a leanas leis:

'Suas go dtí an 1 Lúnasa 2020 ar a dhéanaí, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh suas le 15 % dá n-uasteorainneacha náisiúnta bliantúla i gcomhair na bliana 2021 a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo a chur ar fáil, mar thacaíocht bhreise arna maoiniú faoi CETFT sa bhliain airgeadais 2022. Dá bhrí sin, ní bheidh an méid comhfhreagrach ar fáil a thuilleadh chun íocaíochtaí díreacha a dheonú. Tabharfar fógra faoin gcinneadh sin don Choimisiún faoin 1 Lúnasa 2020 agus leagfar amach ann an céatadán a roghnaíodh.';

(b) i mír 2, cuirtear an seachtú fomhír seo a leanas leis:

'Go dtí an 1 Lúnasa 2020 ar a dhéanaí, féadfaidh Ballstáit nach mbeidh an cinneadh dá dtagraítear i mír 1 déanta acu, cinneadh suas go 15 % a chur ar fáil mar íocaíochtaí díreacha, nó i gcás na dtíortha seo, an Bhulgáir, an Eastóin, an Spáinn, an Laitvia, an Liotuáin, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóvaic, an Fhionlainn, agus an tSualainn, cinneadh a dhéanamh suas go 25 % den mhéid a leithdháilfear mar thacaíocht arna mhaoiniú faoin CETFT sa bhliain airgeadais 2022 trí bhíthin reachtaíocht de chuid an Aontais a glacadh tar éis Rialachán (AE) [xxxx/xxxx] ón gComhairle*[CAI] a ghlacadh. Dá bhrí sin, ní bheidh an méid comhfhreagrach ar fáil a thuilleadh le haghaidh tacaíocht a mhaoineofar faoi CETFT. Tabharfar fógra faoin gcinneadh sin don Choimisiún faoin 1 Lúnasa 2020 agus leagfar amach ann an céatadán a roghnaíodh.

-----

* Rialachán (AE) [...] an [...] [lena leagtar síos an Creat Airgeadais Ilbhliantúil le haghaidh na mblianta 2021 go 2027 (IO ….).';

(19) cuirtear an tAirteagal 15a seo a leanas le Caibidil 1, ag a deireadh:

'Airteagal 15a

Fógraí le haghaidh na bliana féilire 2021

Maidir le bliain féilire 2021, tabharfaidh na Ballstáit fógra, faoin 1 Lúnasa 2020, faoi na céatadáin den uasteorainn náisiúnta bliantúil dá dtagraítear in Airteagal 22(2), Airteagal 42(1), Airteagal 49(1), Airteagal 51(1) agus in Airteagal 53(6).';

(20) in Airteagal 22(5), cuirtear an dara fomhír seo a leanas leis:

'Maidir le bliain féilire 2021, agus maidir leis an uasteorainn a shocróidh an Coimisiún i leith Ballstáit de bhun mhír 1, má bhíonn difríocht idir an uasteorainn sin agus uasteorainn na bliana roimhe sin de thoradh athrú ar an méid a leagtar amach in Iarscríbhinn II nó de thoradh aon chinneadh a ghlac an Ballstát i gcomhréir le mír 3 den Airteagal seo, d'Airteagal 14(1) nó (2), d'Airteagal 42(1), Airteagal 49(1), Airteagal 51(1), nó d'Airteagal 53, déanfaidh an Ballstát sin laghdú líneach nó méadú líneach ar luach na dteidlíochtaí íocaíochta uile agus/nó

déanfaidh sé laghdú nó méadú ar an gcúlchiste náisiúnta nó ar na cúlchistí réigiúnacha chun a áirithiú go gcomhlíonfar mír 4 den Airteagal seo.';

(21) in Airteagal 23(6), cuirtear an ceathrú fomhír seo a leanas leis:

'Maidir le bliain féilire 2021, tabharfaidh na Ballstáit sin a chuirfidh an chéad fhomhír de mhír 1 i bhfeidhm, tabharfaidh siad fógra don Choimisiún, faoin 1 Lúnasa 2020, faoi na cinntí dá dtagraítear i míreanna 2 agus 3.';

(22) in Airteagal 25, cuirtear an mhír 11 seo a leanas leis:

'11. Tar éis iad na coigeartuithe dá dtagraítear in Airteagal 22(5) a chur i bhfeidhm, féadfaidh na Ballstáit sin a mbeidh úsáid bainte acu as an maolú dá bhforáiltear i mír 4 den Airteagal seo, féadfaidh siad a chinneadh, maidir le teidlíochtaí íocaíochta a bhí ag feirmeoirí an 31 Nollaig 2019 arb ísle a luach ná an luach aonaid le haghaidh na bliana 2020 arna ríomh i gcomhréir leis an dara fomhír den mhír seo, go méadófar an luach aonaid ionsar an luach aonaid náisiúnta nó réigiúnach le haghaidh na bliana 2020. Ríomhfar an méadú faoi réir na gcoinníollacha a leanas:

(a) is ar chritéir oibiachtúla neamh-idirdhealaitheacha a bhunaítear an modh lena ríomhtar an méadú a chinneann an Ballstát;

(b) chun an méadú a mhaoiniú, laghdófar teidlíochtaí íocaíochta a bhí i seilbh feirmeoirí nó faoi léas acu an 31 Nollaig 2019 arb airde a luach ná an luach aonaid náisiúnta nó réigiúnach le haghaidh na bliana 2020 arna ríomh i gcomhréir leis an dara fomhír, agus déanfar an laghdú sin maidir le hiomlán na dteidlíochtaí sin nó maidir le sciar díobh. Beidh feidhm ag an laghdú sin maidir leis an difríocht idir luach na dteidlíochtaí sin agus an luach aonaid náisiúnta nó réigiúnach le haghaidh na bliana 2020. Déanfar an modh ina gcuirfear an laghdú sin a chur i bhfeidhm a bhunú ar chritéir oibiachtúla neamh-idirdhealaitheacha, agus mar chuid de sin féadfar teorainn a shocrú nach rachfar faoina bhun leis an laghdú sin.

An luach aonaid náisiúnta nó réigiúnach le haghaidh na bliana 2020 dá dtagraítear sa chéad fhomhír, ríomhfar é mar a leanas: roinnfear an uasteorainn náisiúnta nó réigiúnach i gcomhair scéim na híocaíochta bunúsaí a shocraítear i gcomhréir le hAirteagal 22(1) nó 23(2) le haghaidh na bliana 2020, gan méid an chúlchiste náisiúnta (nó na gcúlchistí náisiúnta) a áireamh, ar an líon teidlíochtaí íocaíochta a bhí i seilbh feirmeoirí nó faoi léas acu an 31 Nollaig 2019.

De mhaolú ar an gcéad fhomhír, féadfaidh na Ballstáit a mbeidh úsáid bainte acu as an maolú dá bhforáiltear i mír 4, feadfaidh siad a chinneadh go gcoimeádfar luach na dteidlíochtaí íocaíochta arna ríomh i gcomhréir leis an mír sin agus faoi réir an choigeartaithe dá dtagraítear in Airteagal 22(5).

Cuirfidh na Ballstáit na feirmeoirí ar an eolas in am trátha faoi luach a gcuid teidlíochtaí íocaíochta mar a ríomhadh i gcomhréir leis an mír seo.';

(23) in Airteagal 25, cuirtear an mhír 12 seo a leanas leis:

'12. Maidir le bliain féilire 2021, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh go gcuirfear breis cóineasú inmheánach i bhfeidhm trí mhír 11 a chur i bhfeidhm maidir leis an mbliain lena mbaineann.';

(24) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 29:

'Airteagal 29

Fógraí i leith luach na dteidlíochtaí íocaíochta agus i leith cóineasaithe

Maidir le bliain féilire 2020, tabharfaidh na Ballstáit fógra, faoin [Nóta chuig Oifig na bhFoilseachán: laistigh d'aon mhí amháin ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin Idirthréimhsigh seo], faoi na cinntí a rinne siad dá dtagraítear in Airteagal 25(11).

Maidir le bliain féilire 2021, tabharfaidh na Ballstáit fógra, faoin 1 Lúnasa 2020, faoi na cinntí a rinne siad dá dtagraítear in Airteagal 25(12).';

(25) in Airteagal 30(8), cuirtear an ceathrú fomhír seo a leanas leis:

'Maidir le leithdháiltí ón gcúlchiste in 2021, déanfar coigeartú i gcomhréir leis an dara fomhír d'Airteagal 22(5) ar an méid de chúlchiste atá le heisiamh i gcomhréir leis an dara fomhír. Maidir le leithdháiltí ón gcúlchiste in 2021, ní bheidh an tríú fomhír den mhír seo infheidhme.';

(26) in Airteagal 36(1), cuirtear an dara fomhír seo a leanas isteach:

'Na Ballstáit a mbeidh an scéim íocaíochta aonair limistéir á cur i bhfeidhm acu in 2020, leanfaidh siad de sin tar éis an 31 Nollaig 2020.';

(27) in Airteagal 41(1), cuirtear an tríú fomhír seo a leanas leis:

'Suas go dtí an 1 Lúnasa ar a dhéanaí, an bhliain roimh bhliain an chur i bhfeidhm, féadfaidh na Ballstáit an cinneadh a rinne siad dá dtagraítear sa chéad fhomhír a athbhreithniú. Tabharfaidh siad fógra don Choimisiún faoi aon chinneadh den sórt sin faoin dáta sin.';

(28) in Airteagal 42(1), cuirtear an dara fomhír seo a leanas leis:

'Suas go dtí an 1 Lúnasa ar a dhéanaí, an bhliain roimh bhliain an chur i bhfeidhm, féadfaidh na Ballstáit an cinneadh a rinne siad dá dtagraítear sa chéad fhomhír a athbhreithniú. Tabharfaidh siad fógra don Choimisiún, faoin dáta sin, faoi aon chinneadh den sórt sin.';

(29) in Airteagal 58, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. Déanfar méid na híocaíochta i leith barr sonrach in aghaidh an heicteáir de limistéar incháilithe a ríomh, maidir le 2020, tríd an táirgeacht a bhunaítear i mír 2 a iolrú faoi na méideanna tagartha seo a leanas:

– An Bhulgáir: EUR 649,45,
– An Ghréig: EUR 234,18,
– An Spáinn: EUR 362,15,
– An Phortaingéil: EUR 228,00.

Déanfar méid na híocaíochta i leith barr sonrach in aghaidh an heicteáir de limistéar incháilithe a ríomh, maidir le 2021, tríd an táirgeacht a bhunaítear i mír 2 a iolrú faoi na méideanna tagartha seo a leanas:

– An Bhulgáir: EUR 624,11,
– An Ghréig: EUR 225,04,
– An Spáinn: EUR 348,03,
– An Phortaingéil: EUR 219,09.';

(30) Leasaítear Iarscríbhinní II agus III i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 11*

*Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013*

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 mar a leanas:

(31) in Airteagal 29, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Is mar seo a leanas a bheidh maoiniú an Aontais, le haghaidh 2020, i gcomhair na gclár oibre dá dtagraítear i mír 1:

(a) EUR 11 098 000 i gcomhair na Gréige;

(b) EUR 576 000 i gcomhair na Fraince;

(c) EUR 35 991 000 i gcomhair na hIodáile.

Is mar seo a leanas a bheidh maoiniú an Aontais, le haghaidh 2021, i gcomhair na gclár oibre dá dtagraítear i mír 1:

(a) EUR 10 666 000 i gcomhair na Gréige;

(b) EUR 554 000 i gcomhair na Fraince;

(c) EUR 34 590 000 i gcomhair na hIodáile.';

(32) in Airteagal 58, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. I gcás na Gearmáine, deonófar EUR 2 277 000 in aghaidh na bliana 2020 mar mhaoiniú ón Aontas don chabhair d'eagraíochtaí táirgeoirí dá bhforáiltear i mír 1.

I gcás na Gearmáine, deonófar EUR 2 188 000 in aghaidh na bliana 2021 mar mhaoiniú ón Aontas don chabhair d'eagraíochtaí táirgeoirí dá bhforáiltear i mír 1.';

(33) Cuirtear an téacs atá in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn IV.

*Airteagal 12*

*Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 228/2013*

In Airteagal 30 de Rialachán (AE) Uimh. 228/2013, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1, 2 agus 3:

'1. Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, cé is moite de na bearta dá bhforáiltear in Airteagail 22 agus 24 den Rialachán seo, beidh siad ina n-idirghabhálacha a mbeidh de chuspóir leo na margaí talmhaíochta a thabhairt chun rialtachta de réir bhrí Airteagal 4(1)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*.

2. I leith le gach bliain airgeadais, maoineoidh an tAontas na bearta dá bhforáiltear i gCaibidlí III agus IV suas go huasmhéid bliantúil is ionann agus:

-sna ranna Francacha thar lear: EUR 267 580 000,

-na hAsóir agus Maidéara: EUR 102 080 000,

-na hOileáin Chanáracha: EUR 257 970 000.

3. Na suimeanna arna leithdháileadh do gach bliain airgeadais chun na bearta dá bhforáiltear i gCaibidil III a mhaoiniú, ní fhéadfaidh siad na méideanna seo a leanas a shárú:

-sna ranna Francacha thar lear: EUR 25 900 000,

-na hAsóir agus Maidéara: EUR 20 400 000,

-na hOileáin Chanáracha: EUR 69 900 000.

Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena mbunófar na ceanglais ar i gcomhréir leo a fhéadfaidh na Ballstáit leasú a dhéanamh ar leithdháileadh na n-acmhainní a dhéantar a leithdháileadh gach bliain ar na táirgí éagsúla a chumhdaítear leis na socruithe soláthair. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 34(2).

--

*	Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 352/78, (CE) Uimh. 165/94, (CE) Uimh. 2799/98, (CE) Uimh. 814/2000, (CE) Uimh. 1290/2005 agus (CE) Uimh. 485/2008 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 549).'.

*Airteagal 13*

*Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 229/2013*

In Airteagal 18 de Rialachán (AE) Uimh. 229/2013, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 2 agus 3:

'2. Maoineoidh an tAontas na bearta dá bhforáiltear i gCaibidlí III agus IV suas go dtí uasmhéid bliantúil EUR 23 000 000.

3. An méid a leithdháilfear gach bliain chun na socruithe sonracha soláthair dá bhforáiltear i gCaibidil III a mhaoiniú, ní rachaidh sé thar EUR 6 830 000.' .

# Teideal III
# Forálacha críochnaitheacha

*Airteagal 14*

*Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar an seachtú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Mar sin féin,

– beidh feidhm ag pointe (6) d'Airteagal 10 ón 1 Eanáir 2020;

– beidh feidhm ag Airteagail 12 agus 13 ón 1 Eanáir 2021.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

<u>**RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH**</u>

**1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH**

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann *(cnuasach cláir)*

1.3. An cineál togra/tionscnaimh

1.4. Forais an togra/tionscnaimh

1.5. Fad agus tionchar airgeadais

1.6. Modhanna bainistíochta atá beartaithe

**2. BEARTA BAINISTÍOCHTA**

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

**3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH**

3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar

3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ar chaiteachas

*3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar chaiteachas*

*3.2.2. An tionchar a mheastar a bheidh ar leithreasuithe de chineál riaracháin*

*3.2.3. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

## 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

### 1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

A) Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ina leagtar síos forálacha idirthréimhse maidir leis an tacaíocht ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus ón gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) don bhliain 2021 agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 228/2013 (AE), Uimh. 229/2013 (AE) agus Uimh. 1308/2013 maidir le hacmhainní agus a ndáileadh sa bhliain 2021 agus lena leasaítear Uimh. 1305/2013, (AE) Uimh. 1306/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013 maidir lena n-acmhainní agus a n-infheidhmitheacht sa bhliain 2021

B) Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 maidir le smacht airgeadais ón mbliain airgeadais 2021 agus Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 maidir le solúbthacht idir colúin i leith na bliana 2020

### 1.2. Réimsí beartais lena mbaineann *(Cnuasach clár)*

Cnuasach clár 8 - An Beartas Talmhaíochta agus Muirí faoi Cheannteideal 3 den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) 2021-2027 – Acmhainní Nádúrtha agus an Comhshaol

### 1.3. Baineann an togra/tionscnamh le:

☐ **beart nua**

☐ **beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart**[20]

☒ **síneadh ar bheart atá ann cheana**

☐ **beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua**

### 1.4. Forais an togra/tionscnaimh

*1.4.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh*

Is é is aidhm leis an togra reatha leanúnachas ghnéithe áirithe an Chomhbheartais Talmhaíochta (CBT) a áirithiú ar feadh idirthréimhse bliana ó thréimhse 2014-2020 go dtí feidhmiú na rialacha do phleananna straitéiseacha CBT de bhun an togra ón gCoimisiún (COM(2018) 392 final). Tá tuilleadh mínithe mar chuid den mheabhrán míniúcháin a ghabhann leis na tograí reatha agus le pointe 1.4.1 den ráiteas airgeadais reachtach a ghabh leis an togra ón gCoimisiún don tréimhse tar éis 2020 COM(2018) 392 final).

[20] Mar a thagraítear dó in Airteagal 58(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

*1.4.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas AE (d'fhéadfadh an breisluach a bheith ann mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, e.g. deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta, comhlántachtaí, nó gnóthachain de thoradh comhordú). Chun críocha an phointe seo, is é a chiallaíonn "breisluach a bhaineann le rannpháirteachas AE" an luach a thagann as idirghabháil an Aontais ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú leo féin.*

| |
|---|
| Féach pointe 1.4.1 den ráiteas airgeadais reachtach a ghabhann le COM(2018) 392 final. |

*1.4.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

| |
|---|
| Neamhbhainteach |

*1.4.4. Comhoiriúnacht agus sineirgíocht fhéideartha le hionstraimí iomchuí eile*

| |
|---|
| Neamhbhainteach |

**1.5. Fad agus tionchar airgeadais**

☒ **tréimhse theoranta**

– ☒ i bhfeidhm ón 01/01/2021 go dtí an 31/12/2021

– ☒ An tionchar airgeadais in 2021 ar leithreasuithe faoi chomhair gealltanas (2022 i gcás íocaíochtaí díreacha) agus le haghaidh 2021 agus dá éis sin le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

☐ **tréimhse neamhtheoranta**

Cur chun feidhme ina bhfuil tréimhse thosaigh ó BBBB go BBBB, agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

**1.6. Modhanna bainistíochta atá beartaithe**[21]

☐ **Bainistíocht dhíreach** a dhéanann an Coimisiún

– ☐ ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;

– ☐ trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

☒ **Bainistíocht atá comhroinnte** leis na Ballstáit

☐ **Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

– ☐ tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad;

– ☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí);

– ☐BEI agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;

– ☐ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 70 agus Airteagal 71 den Rialachán Airgeadais;

– ☐ comhlachtaí dlí phoiblí;

21 Is féidir teacht ar mhionsonraí faoi na modhanna bainistíochta agus tagairtí don Rialachán Airgeadais ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht an Bhuiséid: https://myintracomm.ec.europa.eu/budgweb/EN/man/budgmanag/Pages/budgmanag.aspx

– ☐ comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go soláthraíonn siad ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;

– ☐ comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, a gcuirtear de chúram orthu comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chur chun feidhme, agus a sholáthraíonn ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;

– ☐ daoine a gcuirtear de chúram orthu bearta sonracha a chur chun feidhme in CBES de bhun Theideal V de CAE, ar daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha.

– *I gcás ina sonraítear níos mó ná modh bainistíochta amháin, tabhair sonraí sa roinn "Nótaí" le do thoil.*

Nótaí

| |
|---|
| Gan aon athrú substainteach i gcomparáid leis an staid reatha, .i. déanfar tromlach an chaiteachais ar CBT a bhainistiú trí bhainistíocht chomhroinnte leis na Ballstáit. Mar sin féin, beidh cuid an-bheag fós faoi bhainistíocht dhíreach ag an gCoimisiún. |

## 2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

### 2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

*Sonraigh minicíocht na mbeart agus na coinníollacha atá leo*

| |
|---|
| Gan aon athrú substainteach i gcomparáid leis an reachtaíocht atá ann cheana féin |

### 2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

*2.2.1. An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, le sásraí cur chun feidhme an mhaoinithe, leis na coinníollacha íocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe*

| |
|---|
| D'fhonn leanúnachas rianúil a áirithiú maidir leis an aistriú riachtanach chuig pleananna straitéiseacha CBT, coimeádann an togra seo na modhanna bainistíochta atá ann cheana trí bhainistíocht chomhroinnte agus trí mhódúlachtaí íocaíochta agus rialaithe don tréimhse riachtanach. Ar an dóigh sin cuireann sé leis na córais dea-fheidhmiúla atá curtha ar bun ag na Ballstáit cheana féin. |

*2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú*

| |
|---|
| Léirítear leis na leibhéil sheasta atá ann le blianta beaga anuas i ndáil leis an ráta earráidí íseal faoi CBT go bhfeidhmíonn na córais bhainistithe agus rialaithe atá bunaithe ag na Ballstáit i gceart agus go dtugann siad dearbhú réasúnta. Déantar foráil maidir leis an *status quo* i dtaobh córais rialúcháin sna forálacha idirthréimhseacha. |

*2.2.3. Meastachán ar chost-éifeachtúlacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas "costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú") agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an íocaíocht a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh)*

| |
|---|
| Coimeádann na tograí an *status quo* i dtaobh rialúcháin. |

### 2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

*Sonraigh na bearta coisctheacha agus cosanta atá ann cheana nó atá beartaithe, e.g. ón Straitéis Frithchalaoise.*

Ní mholtar aon athrú ar na bearta atá ann cheana.

## 3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

Tá na méideanna atá san áireamh leis an togra idirthréimhseach i gcomhréir leis na méideanna atá molta le haghaidh CBT faoi Cheannteideal 3 sa togra lena gclúdaítear an creat airgeadais ilbhliantúil don tréimhse 2021-2027 do na blianta airgeadais ábhartha in COM (2018) 322 final/2.

Dá réir sin, maidir le caiteachas a bhaineann leis an margadh arna mhaoiniú ag EAGF, coigeartófar leithdháiltí faoi Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 de réir an leibhéil a moladh do na hearnálacha céanna sa togra maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha CBT (COM (2018) 392 final), don bhliain airgeadais 2021. Ina theannta sin, coigeartaítear na leithdháiltí do na hOileáin Aeigéacha agus do na réigiúin is forimeallaí i Rialachán (AE) Uimh. 228/2013 agus (AE) Uimh. 229/2013 go dtí an leibhéal a moladh cheana féin don bhliain 2021 (cf. COM(2018) 394 final).

Tá leithdháiltí na n-íocaíochtaí díreacha atá molta don bhliain féilire 2021, a mhaoinítear sa bhliain airgeadais 2022, cothrom leis na leithdháiltí a moladh le haghaidh cineálacha idirghabhálacha ar íocaíochtaí díreacha iad don bhliain féilire 2021 in COM (2018) 392 final.

Chun leanúnachas na forbartha tuaithe a áirithiú, áirítear leithdháiltí le haghaidh 2021 leis an togra. Tá na leithdháiltí sin cothrom leis na méideanna a moladh le haghaidh cineálacha idirghabhálacha le haghaidh forbairt tuaithe don bhliain chéanna in COM (2018) 392 final. I gcás nár chinn na Ballstáit a gcláir forbartha tuaithe don tréimhse 2014-2020 a shíneadh, ní mór na leithdháiltí le haghaidh 2021 nach n-úsáidtear a ath-chlársceidealú le haghaidh leithdháiltí 2022-2025 i leith phlean straitéiseach CBT.

Moltar go gcoimeádfar an cúlchiste le linn na hidirthréimhse le haghaidh géarchéimeanna talmhaíochta dá dtagraítear in Airteagal 25 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 mar gur ann don chúlchiste sin sa tréimhse 2014-2020.

Ar an iomlán, ciallaíonn an togra seo, maidir le leithreasuithe faoi chomhair gealltanas, nach mbeidh aon tionchar airgeadais ag an togra ar an tréimhse 2021-2027 i gcomparáid lenar moladh agus a tuairiscíodh sa ráiteas airgeadais a ghabh leis an togra ón gCoimisiún i leith CBT don tréimhse tar éis 2020 (COM (2018) 392 final). Maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí, mínítear thíos an tionchar féideartha a mheastar a bheidh i gceist ach beidh an tionchar sin spleách ar chinneadh na mBallstát maidir le síneadh chláir forbartha tuaithe 2014-2020.

Léirítear leis na himpleachtaí airgeadais thíos na hathruithe measta i gcomparáid leis na himpleachtaí a leagtar amach sa ráiteas airgeadais reachtach a ghabh leis an togra ón gCoimisiún i leith CBT don tréimhse tar éis 2020 (COM (2018) 392 final).

## 3.1. Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne bhuiséid | Type of caiteachas | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Ceannteideal 3:<br>Acmhainní nádúrtha agus an comhshaol | LD/LN.[22] | ó thíortha de chuid CSTE[23] | ó thíortha is iarrthóirí[24] | ó thríú tíortha | de réir bhrí Airteagal [21(2)(b)] den Rialachán Airgeadais |
| 3 | | Neamhdhif. | Níl | Níl | Níl | Níl |

22 LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.

23 CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.

24 Tíortha is iarrthóirí agus, nuair is iomchuí, tíortha ó na Balcáin Thiar a d'fhéadfadh a bheith ina n-iarrthóirí.

## 3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ar chaiteachas

### *3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar chaiteachas*

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | 3 | Acmhainní nádúrtha agus an comhshaol |
|---|---|---|

I gcás **CERT,** níl aon tionchar ag an togra ar an gcaiteachas foriomlán i gcomparáid leis na meastacháin a tuairiscíodh sa ráiteas airgeadais a ghabh leis an togra ón gCoimisiún i leith CBT don tréimhse tar éis 2020 (COM (2018) 392 final). Tugtar le tuiscint leis an togra idirthréimhseach, lena n-áirithítear leanúnachas roinnt clár cabhrach earnála faoi Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 (.i. torthaí agus glasraí, ola ológ, an bheachadóireacht, fíon agus leannlusanna) go dtí go ndéantar na cláir sin a chomhtháthú faoi phlean CBT, tugtar le tuiscint leis an togra sin go bhfanfaidh na gealltanais arna meas le haghaidh idirghabhálacha de chineál earnála faoi phlean CBT mar chaiteachas margadh-bhainteach lasmuigh de phlean CBT don idirthréimhse. Baineann an rud céanna le híocaíochtaí díreacha ina bhfanfaidh gealltanais dá bhforáiltear faoi phlean CBT mar íocaíochtaí díreacha lasmuigh de phlean CBT don idirthréimhse. Tá na hathruithe sin, mar aon le maoiniú an chúlchiste le haghaidh géarchéimeanna a mholtar a choimeád le linn na hidirthréimhse, neodrach maidir le gealltanais fhoriomlána laistigh de gach tréimhse bliana agus ar feadh na tréimhse agus na hathruithe sin ag teacht dá réir sin leis an togra ón gCoimisiún maidir le fo-uasteorainn CERT don tréimhse 2021 – 2027.

Maidir le **CETFT**, tá an togra neodrach fós i dtaca le leithreasuithe faoi chomhair gealltanas don tréimhse. Imreoidh cinneadh na mBallstát maidir le síneadh chláir forbartha tuaithe 2014-2020 tionchar ar uainiú na ngealltanas arna dtabhairt go ndéanfar leithdháiltí CETFT 2021 a aistriú chuig leithdháiltí CETFT 2022-2025 i gcás nach n-iarrann na Ballstáit aon síneadh.

Ní féidir an tionchar glan ar uainiú leithreasuithe íocaíochta a chainníochtú faoi láthair ós rud é go mbraithfidh sé ar chinntí na mBallstát ar féidir leo moill nó dlús a chur le cur chun feidhme íocaíochtaí i gcomparáid leis an uainiú arna mheas sa ráiteas airgeadais reachtach a ghabh leis an togra ón gCoimisiún i leith CBT don tréimhse tar éis 2020 (COM (2018) 392 final): táthar ag súil leis go gcuirfear dlús leis an bpróifíl íocaíochta do na Ballstáit/do na cláir lena mbaineann de bharr síneadh a chur le cláir forbartha tuaithe 2014-2020 ach cuirfear moill ar na híocaíochtaí de bharr leithdháiltí 2021 nach n-úsáidtear a aistriú chuig leithdháiltí 2022-2025. Ar an iomlán, níl aon athrú ar na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí don tréimhse sin.

| **2021** | **2022** | **2023** | **2024** | **2025** | **2026** | **2027** | ***Tar éis 2027*** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|

| | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **FO-IOMLÁN CERT** | Gealltanais | (1) | | | | | | | | | |
| | Íocaíochtaí | (2) | | | | | | | | | |
| **FO-IOMLÁN CETFT** | Gealltanais | (3) | | | | | | | | | |
| | Íocaíochtaí | (4) | | | | | | | | | |
| **IOMLÁN leithreasuithe do CBT** | Gealltanais | (5)=(1+3) | | | | | | | | | |
| | Íocaíochtaí | (6)=(2+4) | | | | | | | | | |

| | | |
|---|---|---|
| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil** | 7 | "Caiteachas riaracháin" |

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | *Tar éis 2027* | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Acmhainní daonna | | | | | | | | | | |
| Caiteachas riaracháin eile | | | | | | | | | | |
| **IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | (Iomlán gealltanas = Iomlán íocaíochtaí) | | | | | | | | | |

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | *Tar éis 2027* | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN leithreasuithe ar fud na** | Gealltanais | | | | | | | | | |

| | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **gCEANNTEIDEAL** den chreat airgeadais ilbhliantúil | Íocaíochtaí | | | | | | | | | |

3.2.2. *Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe de chineál riaracháin*

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin

– ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin mar a mhínítear thíos:

Ní mhionathraíonn an togra an tionchar a mheastar a bheidh i gceist sa ráiteas airgeadais reachtach a ghabh leis an togra ón gCoimisiún don tréimhse tar éis 2020 (cf. COM(2018) 392).

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| **Bliain** | **2021** | **2022** | **2023** | **2024** | **2025** | **2026** | **2027** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **HEADING 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | | | | | | | | |
| Acmhainní daonna | | | | | | | | |
| Caiteachas riaracháin eile | | | | | | | | |
| **Subtotal HEADING 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | | | | | | | | |
| **Outside HEADING 7[25] den chreat airgeadais ilbhliantúil** | | | | | | | | |
| Acmhainní daonna | | | | | | | | |
| Other expenditure de chineál riaracháin | | | | | | | | |
| **Arna maoiniú lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | | | | | | | | |
| **IOMLÁN** | | | | | | | | |

Soláthrófar na leithreasuithe is gá le haghaidh na n-acmhainní daonna agus caiteachas eile de chineál riaracháin le leithreasuithe ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó ar athshannadh a gcúraimí laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

25 Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid AE (seanlínte "BA") a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

3.2.2.1. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna.

– ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna mar a mhínítear thíos:

Ní mhionathraíonn an togra na ceanglais arna meas sa ráiteas airgeadais reachtach a ghabh leis an togra ón gCoimisiún don tréimhse tar éis 2020 (cf. COM(2018) 392).

*Sloinnfear an meastachán in aonaid de choibhéis lánaimseartha*

<table>
<tr><th colspan="2">Bliain</th><th>2021</th><th>2022</th><th>2023</th><th>2024</th><th>2025</th><th>2026</th><th>2027</th></tr>
<tr><td colspan="9">• Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)</td></tr>
<tr><td colspan="2">Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin</td><td></td><td></td><td></td><td></td><td></td><td></td><td></td></tr>
<tr><td colspan="2">Toscaireachtaí</td><td></td><td></td><td></td><td></td><td></td><td></td><td></td></tr>
<tr><td colspan="2">Taighde</td><td></td><td></td><td></td><td></td><td></td><td></td><td></td></tr>
<tr><td colspan="9">• Foireann sheachtrach (i gcoibhéis lánaimseartha: FTE) - AC, AL, END, INT agus JED [26]<br>Ceannteideal 7</td></tr>
<tr><td rowspan="2">Arna maoiniú as CEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil</td><td>- sa cheanncheathrú</td><td></td><td></td><td></td><td></td><td></td><td></td><td></td></tr>
<tr><td>- i dtoscaireachtaí</td><td></td><td></td><td></td><td></td><td></td><td></td><td></td></tr>
<tr><td rowspan="2">Arna maoiniú as imchlúdach an chláir [27]</td><td>- sa cheanncheathrú</td><td></td><td></td><td></td><td></td><td></td><td></td><td></td></tr>
<tr><td>- i dtoscaireachtaí</td><td></td><td></td><td></td><td></td><td></td><td></td><td></td></tr>
<tr><td colspan="2">Taighde</td><td></td><td></td><td></td><td></td><td></td><td></td><td></td></tr>
<tr><td colspan="2">Eile (sonraigh)</td><td></td><td></td><td></td><td></td><td></td><td></td><td></td></tr>
<tr><td colspan="2">IOMLÁN</td><td></td><td></td><td></td><td></td><td></td><td></td><td></td></tr>
</table>

Soláthrófar na hacmhainní daonna is gá le baill foirne ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó ar athshannadh a gcúraimí laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh:

| | |
|---|---|
| Oifigigh agus pearsanra sealadach | |
| Pearsanra seachtrach | |

26 AC = Ball foirne ar conradh; AL = Ball foirne áitiúil; END = Saineolaí náisiúnta ar iasacht; INT= Ball foirne gníomhaireachta; JPD = Saineolaithe sóisearacha i dtoscaireachtaí.

27 Fo-uasteorainn d'fhoireann sheachtrach arna cumhdach ag leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (na seanlínte "BA").

### *3.2.3. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

– ☒ ní dhéantar foráil maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe

– ☐ déantar foráil maidir leis an gcómhaoiniú le tríú páirtithe atá réamh-mheasta thíos:

Leithreasuithe in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| Bliain | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Sonraigh an comhlacht cómhaoinithe | | | | | | | | |
| IOMLÁN leithreasuithe cómhaoinithe | | | | | | | | |

### 3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

– ☐ Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag an togra ar ioncam.

– ☐ Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:

☐ ar acmhainní dílse

☒ ar ioncam eile

má tá an t-ioncam sannta do línte caiteachais, sonraigh sin ☐

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| Líne buiséid ioncaim: | Tionchar an togra/tionscnaimh[28] | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 |
| 67 01 & 67 02[29] | | | | | | | |

I gcás ioncam ilghnéitheach atá 'sannta', sonraigh na línte buiséid a n-imrítear tionchar orthu.

| |
|---|
| Anuas ar na línte arna lua sa ráiteas airgeadais reachtach a ghabh leis an togra ón gCoimisiún maidir le CBT don tréimhse tar éis 2020 (COM (2018) 392 final), déanfar tionchar ar an líne bhuiséid a leanas le linn na hidirthréimhse<br>08 02 YY Íocaíochtaí díreacha lasmuigh den Phlean faoi CBT |

Aon rud eile (e.g. an modh nó an fhoirmle a úsáideadh chun an tionchar ar ioncam a ríomh nó aon fhaisnéis eile).

| |
|---|
| |

28 A fhad a bhaineann le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna talmhaíochta, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána agus 20 % de na costais bhailiúcháin a bheith bainte astu.

29 Ní féidir an tionchar ar ioncam a chainníochtú faoi láthair. Déanfar meastachán tosaigh faoi chuimsiú Dhréachtbhuiséad 2021.